# Éire Sean is Nua



Máire Ní Ḟoġlúḋa agus Síle Nic Cnámaí

# éire

## sean is nua

leir

na bráiṫreaċa críostúla

Coláiste na Rinne,
Dún Garbán,
Co. Ṗortláirge.
Éire.

m. h. macguill agus a ṁac, teor.,
áṫ cliaṫ.

# An Ré Ċloiċe



1.—Fadó, fadó, ní raiḃ Éire mar atá sí anois. Ḃí coillte móra i ngaċ áit agus portaiġ agus riasca agus ainṁiṫe fiáine iontu.



2.—Saol faoin aer ar fad, beagnaċ, a ḃíoḋ ag na daoine. Ḃíoḋ orṫu ḃeiṫ an-láidir, calma. Is i mboṫáin ḃeaga a ċónaídís. D'fiaċaidís ainṁiṫe fiáine.



3.—Ḃíoḋ tréada bó agus caoraċ á n aoireaċt acu. Ċuiridís arḃar agus ḋéanaidís arán den arḃar. Ḋéanaidís éadaċ den olann agus ḋéanaidís é ḟuáil le snáṫaidí cnáiṁ.



4.—Ní raiḃ an tsl ċéanna ċun foġlama ag Gaeil na linne sin atá againne anois. D'inseaḋ na haiṫreaċa scéalta dá gclann. Ċuiridís san de ġlanṁeaḃair iad.



5.—Ḃí ]fir ann, na baird, a ċumaḋ aṁráin i dtaoḃ na gcaṫanna móra a troideaḋ in Éirinn, agus i dtaoḃ na ḃfear agus na mban a ḋéanaḋ gaiscí.



6.—Tar éis tamaill fada, scríoḃ na Gaeil síos na sean-scéalta. Tá a lán de na láṁscríḃinní le fáil i leaḃarlanna in Éirinn agus lasmuiġ di.



7.—Nuair a ġeiḃeaḋ taoiseaċ bás dóiti a ċorp. Cuirtí an luaiṫreaċ in uaiġ sa talaṁ agus hardaítí carn os a ċionn. Tá mórán carn fós ann.



8.—Cuirtí cromleac, uaireanta, ar uaiġ ḋuine ṫáḃaċtaiġ. Sé is cromleac ann roinnt cloċa díreaċa ina seasaṁ agus leac mór in airde orṫu. Tá cuid acu san fós ann.



9.—Ní raiḃ aon eolas ag na daoine ar Ḋia. Págánaiġ dob ea iad. D'aḋraidís an ġrian agus an ġealaċ, na réalta, an farraige agus na gaoṫa.

# Scéalta na mBard



.1—Dob é an céad treaḃ a ṫáinic go hÉirinn ná Partalónaiġ. Ón nGréig dóiḃ. Ċuireadar fúṫu i nGleann na Life. Tar éis trí céad blian ṁaraiġ pláiġ iad uile.



2.—Ṫáinic Clanna Neiṁiḋ. Ón nGréig dóiḃ, freisin. Ḃí odar dá céad bliain sa tír. D'ionsaíoḋ na Foṁaraiġ, foġlaiṫe mara as Inis Toraiġ, iad. D'ḟág Clanna Neiṁiḋ Éire ar fad.



3.—Ṫáinic na Fir Ḃolg, dream láidir cróga. Ċuireadar suas dúin agus longfoirt anso is ansúd. Níorḃ ḟada go dtáinic Tuaṫa Dé Danann ina ndiaiḋ.



4.—Fir ḟeasa agus druaḋa dob ea iad so, dar leis na daoine eile. Ḃuadar ar na Fir Ḃolg. Ḃí an tír fúṫu ar feaḋ i ḃfad.



5. Ceiltiġ dob ea Clanna Míliḋ. Tuigeaḋ dóiḃ go mbainfidís amaċ oileán ina mbeaḋ sonas go deo orṫu. Ḃíodar ar feaḋ i ḃfad á lorg.



6. Ṡroiseadar an Spáinn. Ṫarla gur imiġ scaṫa acu, uair, an farraige amaċ. Ag féaċaint dóiḃ ar an ngrian ag dul faoi ċonaiceadar uaṫu sléiḃte na hÉireann.



7. Aḃaile leo agus d'inseadar an scéal. Scaoil caḃlaċ mór faoin ḃfarraige, láiṫreaċ, agus an ḃanríon Scoiṫín mar ċeann air. Tim peall 350 R.Ċ. sea ṡroiseadar Éire.



8.—Ġaḃadar cuan, cuid acu i gCiarraiġe agus an ċuid eile in aice na Ḃóinne. Ḃí Tuaṫa Dé Danann rompu. Ṫarla caṫanna eaṫarṫu agus ḃuaiġ Clanna Míliḋ gaċ caṫ acu.



9. Dob iad Clanna Míliḋ na Gaeil. Ḃí uirlisí iarainn acu. Ġearradar bóiṫre agus ṁaraíodar mórán de na hainṁiṫe fiáine. Diaiḋ ar ndiaiḋ leaṫadar tríd an dtír uile.

# Cormac Mac Airt



1.—Ḃí Cormac Mac Airt ar an rí ba ċuṁaċtaí agus dob eagnaí dá raiḃ riaṁ in Éirinn. Ba ṁac mic do Ċonn Céadċataċ é.



2.—Nuair do ḃí sé an-óg d'ardaiġ faolċú leis go dtí a poll é. Rinne an ḃean Luġna é ṫeasargain agus ansan fágaḋ ar altromaċt ag Luġna é.



3.—Ḃí Luġaiḋ Lámfada ina rí an uair sin. Tíoránaċ a ḃí ann. Ḃain na daoine de flaiṫeas na tíre agus toġaḋ ina ionad Cormac Mac Airt.



4.—Ḃí raṫ ar an dtír. Ḃí raiḋse agus flúirse ar gaċ taoḃ. Gaċ tríú bliain tionóltaí Feis na Teaṁraċ agus ṫagaḋ daoine ann as gaċ aird.



5.—Naṁa do Ċormac dob ea Fearġus Duiḃfiaclaċ, rí Ulaḋ. Ḃris Cormac air caṫ Ċríonna agus d'fill sé ar Ṫeaṁair gan ḃaol air ó naṁa ar biṫ.



6.Daċad bliain a ċaiṫ Cormac ina rí. Lá, baineaḋ súil as a ċeann. D'éiriġ sé as a ḃeiṫ ina rí ansan. Rinneaḋ rí dá ṁac, Cairbre.



7.—Ċaiṫ Cormac a lán dá ċuid ama ag cur coṁairleaċa le céile do Ċairbre. Scríoḃ sé leaḃar, "Teagasc Rí," cun Cairbre agus riṫe eile do ṫreorú.



8.—Agus Cormac i Ros na Rí lá ċuala sé scéal an fíor-Ċreidiṁ ó scata aoirí. Ṁallaċtaiġ na draoiṫe é toisc gur ṫréig sé an págántaċt.



9.—Lá, le linn dó ḃeiṫ ag caiṫeaṁ béile, ġreamaiġ cnáṁ bradáin ina scornaċ agus taċtaḋ é. Roiṁ ḃás dó d'ordaiġ sé é aḋlacaḋ i Ros na Rí.

# Naoṁ Pádraig



1.—Timpeall 401 A.D. ṫug an tArd-Rí Niall príosúnaiġ aḃaile leis ón mBreatain. Orṫu ḃí an t-óġánaċ Pádraig. I mBannaḃem, cois béal na Saḃairne, a rugaḋ é.



2.—Díolaḋ Pádraig le Miliuc. Ar feaḋ seaċt mblian ḃíoḋ sé ag aoireaċt caoraċ do Ṁiliuc ar Ṡliaḃ Mis, in Aontroim. Ḃíoḋ sé gaċ lá ag guiḋe ċun Dé.



3.—Faoi ḋeireaḋ d'éalaiġ sé. D'éiriġ leis dul go dtí Nantes, sa bḞrainc. Ṫosnaiġ sé ag foġlaim ċun ḃeiṫ ina ṡagart. Rinneaḋ sagart de in Auxerre.



4.—Sa mbliain 432 ċuir an Pápa Celestín go hÉirinn é. Rinne Pádraig Críostaí de Ḋiċu, taoiseaċ. Ṫug Diċu scioból dó mar eaglais. Saḃall (scioból) Ṗádraig ainm na háite ó ṡin.



5.—D'imiġ Pádraig go Teaṁair agus ṫeagaisc sé an tArd-Rí, Laoire, agus na huaisle. Ṫug an Rí cead do Ṗádraig teagasc pé áit ba ṁaiṫ leis.



6.—Ṫaistil Pádraig ar fuaid na hÉireann. D'iompaiġ mórán daoine ċun an Ċreidiṁ. Ḃaist sé iad sna toibreaċa ar a nglaotar ó ṡin toibreaċa Ṗádraig.



7.—Le linn do Ṗádraig ḃeiṫ ag taisteal na tíre leag sé ceann de na déiṫe págánaċa, Crom Cruaċ. Deintí Crom Cruaċ d'aḋraḋ ar Ṁaġ Sleaċt, Liaṫdroim.



8.—Ċaiṫ sé daċad lá ar troscaḋ ar mullaċ cruaiċe i gConnaċta. Ó ṡin i leiṫ tugtar Cruaċ Ṗádraig ar an gcnoc. Téann na sluaite ar oiliṫreaċt ann.



9.—Ċaiṫ Pádraig 30 bliain ag leaṫaḋ an Creidim in Éirinn. Ḃunaiġ sé timpeall 300 eaglais, an ceann ba ṁó acu in Ard Ṁaċa. D'éag sé i Saḃall timpeall 461.

# Ré Órṫa na h-Éireann, 450—850 A.D.



1.—Do ġlac na Gaeil go fonnṁar leis an gCreideaṁ. D'éiriġ a lán daoine ina measc an-naofa. Is beag págánaċ a ḃí sa tír sa mbliain 500.



2.—Ḃunaíoḋ mainistreaċa agus scoileanna. Tagaḋ daoine, fiú ó tíorṫa iasaċta, ċun foġlama iontu. Ċónaíoḋ na scoláirí i mbotáin a ṫógaidís féin.



3.—Ḃunaiġ Naoṁ Bríd cloċar in aice crann dara—Cill Dara anois. Ḃí cloċar cáiliúil eile ag Naoṁ Íde —Cill Íde, anois—i Luimneaċ.



4.—Cuid de na manaiġ leagadar crainn, ṡaoṫraíodar an talaṁ. Lean na daoine an dea-ṡampla san agus d'éiríodar an-oilte ar ċúrsaí feirmeoireaċta.



5.—Ḃíoḋ manaiġ ann ag scríoḃ agus ag maisiú leaḃar. Seoda áille dá saoṫar atá againn fós sea Leaḃar Ceanannais agus Leaḃar Ard Ṁaċa.



6.—Ḃí bia agus lóistín le fáil in aisce ag taistealaiṫe i ngaċ mainistir. Ḃí cead ag duine fanúint pé faid ba ṁaiṫ leis agus ḃí míle fáilte roiṁe.



7.—Téaḋ cuid ṁór daoine naofa go háiteanna uaigneaċa agus ċaiṫidís a saol ag déanaṁ a n-anama. Orṫu ḃí Breandán, Caoiṁġin, Éanna, Neasán.



8.—Ċuaiġ a lán Gael tar lear ċun an Creideaṁ a leaṫaḋ. Ċuaiġ Colm Cille agus dáréag manaċ go h-Oileán Í. Ḃunaíodar mainistir ann.



9.—B'é Columbán an misinéar ba ċáiliúla ar an Mór-Roinn. Ċaiṫ sé blianta ag leaṫaḋ an Ċreidiṁ sa ḃFrainc, san Eilbéis agus san Iodáil.

# Naoṁ Colmcille



1.—Rugaḋ Colm Cille i dTír Ċonaill sa mbliain 521. Agus é ina ḃuaċaill d'imiġ sé ina ṁanaċ i mainistir Naoiṁ Fin-ġin i Maġ Ḃile.



2.—Ḃunaiġ Colm Cille main-istir i nDoire, mar ar ċaiṫ sé saol cráiḟeaċ; agus cinn eile i nDarṁaġ, i gCeanannas na Miḋe agus in áiteanna eile.



3.—Scríoḃaí an-oilte dob ea Colm Cille. Rinne sé cóip álainn de láṁscríḃinn a ṫug Naoṁ Finġin ar iasaċt dó, láṁscríḃinn ón Róiṁ.




4.—D'éiliṁ Naoṁ Finġin an ċóip air. Ní ṫaḃarfaḋ Colm Cille dó é. Aċ dúirt an Rí, Diarmaid: "Le gaċ boin a laoġ agus le gaċ leaḃar a ṁac-leaḃar."



5.—Ġríosaiġ Colm Cille a ċairde agus ċuireadar caṫ ar Ḋiarmaid. Ḃuaḋ ar an Rí ag Cúl Dreimne mar ar ċaill sé 3,000 fear.



6.—Ṫáinic caṫú ar Ċolm Cille agus ḃeartaiġ sé ar aiṫrí agus ar leorġníoṁ a ḋéanaṁ ina ġníoṁ agus i mbás na dtrí míle fear.



7.—Ḃí grá ṫar ċuimse aige d'Éirinn. Ṁeas sé gurḃ é slí dob ḟearr ina ḃféadfaḋ sé aiṫrí a ḋéanaṁ imeaċt ó Éirinn.



8.—D'imiġ sé féin agus dár-éag manaċ go hOileán Í. D'iom-paiġ sé mórán daoine ċun an Ċreidiṁ. Ḃí clú air féin agus an Oileán Í.



9.—Fuair Naoṁ Colm Cille bás i láṫair a ċuid manaċ 9ú Meiṫeaṁ, 597. Tá sé ráite gur in Éirinn a cuireaḋ é, i nDún Ṗádraig.

# Ré Órḋa na h-Éireann, 450—850 A.D.



1.—Do ġlac na Gaeil go fonnṁar leis an gCreideaṁ. D'éiriġ a lán daoine ina measc an-naofa. Is beag págánaċ a ḃí sa tír sa mbliain 500.



2.—Ḃunaíoḋ mainistreaċa agus scoileanna. Ṫagaḋ daoine, fiú ó ṫíorta iasaċta, ċun foġlama iontu. Ċónaíoḋ na scoláirí i mboṫáin a ṫógaidís féin.



3.—Ḃunaiġ Naoṁ Bríd cloċar in aice crann dara — Cill Dara anois. Ḃí cloċar cáiliúil eile ag Naoṁ Íde —Cill Íde, anois—i Luimneaċ.



4.—Cuid de na manaiġ leagadar crainn, ṡaoṫraíodar an talaṁ. Lean na daoine an dea-ṡampla san agus d'éiríodar an-oilte ar ċúrsaí feirmeoireaċta.



5.—Ḃíoḋ manaiġ ann ag scríoḃ agus ag maisiú leaḃar. Seoda áille dá saoṫar atá againn fós sea Leaḃar Ċeanannais agus Leaḃar Ard Ṁaċa.



6.—Ḃí bia agus lóistín le fáil in aisce ag taistealaiṫe i ngaċ mainistir. Ḃí cead ag duine fanúint pé faid ba ṁaiṫ leis agus ḃí míle fáilte roiṁe.



7. Ṫéaḋ cuid mór daoine naofa go háiteanna uaigneaċa agus ċaiṫidís a saol ag déanaṁ a n-anama. Orṫu ḃí Breandán, Caoiṁġin, Éanna, Neasán.



8.—Ċuaiġ a lán Gael ṫar lear ċun an Creideaṁ a leaṫaḋ. Ċuaiġ Colm Cille agus dáréag manaċ go h-Oileán Í. Ḃunaíodar mainistir ann.



9.—B'é Columbán an misinéar ba ċáiliúla ar an Mór-Roinn. Ċaiṫ sé blianta ag leaṫaḋ an Ċreidiṁ sa bFrainc, san Eilbéis agus san Iodáil.

# Naoṁ Bríd



1.—Rugaḋ Bríd i bḟoċairt Láṁ le Dún Dealgan, beagán blianta tar éis teaċt go hÉirinn do Naoṁ Pádraig.



2.—Ḋéanaḋ Bríd gaċ saġas oibre tí fé mar ba nós do ċailíní uaisle na haimsire. Cailín beannaiṫe dob ea í.



3.—Lá, tar éis di na ba do ċrú, ṫug sí an bainne do na boċta. Ṫáinig eagla uirṫi ansan roiṁ a máṫair.



4.—Ġuiḋ sí ċun Dé an buicéad a líonaḋ arís. Nuair ṡrois sí an baile ḃí a buicéad níos láine ná buicéad éinne eile.



5.—Mar ġeall ar í ḃeiṫ ċoṁ fial ṫugaḋ sí gaċ ní do na boċta. Lá, ṫug sí claíoṁ a haṫar uaiṫi.



6.—Ḃeartaiġ a haṫair ar í ṫaḃairt le pósaḋ. Ḃí mórán óigfear i ngrá léi aċ níor ġráiġ sise aċ Íosa Críost.



7.—Nuair a ḃí sí le pósaḋ ar orḋú a haṫar ṫáinic galar uaḟásaċ ar a haġaiḋ. Ġlac sí an ċaille rialta ansan.



8.—Nuair a ċoisriġ sí í féin ċun Dé ṫáinic a háilleaċt tar n-ais arís agus dúraḋ go raiḃ sí cosúil le Muire, Máṫair Dé.



9.—Ṫoiġ sí mar ċill crann dara go raiḃ omna ṫoll ann. Is in aice leis a ḃunaiġ sí an cloċar, Cill Dara. D'éag sí sa mbliain 525.

# Na Loċlannaiġ



1.—D'ionsaiġ na Loċlannaiġ Éire don ċéad uair sa mbliain 795. Ḃí fuaṫ acu don gCríostaíoċt. Fiaċ duḃ a ḃíoḋ ar a mbrat.



2.—Ċreaċaidís mainistreaċa, ḋóidís leaḃair ġoididís ornáidí óir agus airgid. Ansan ṫeiṫidís sar a mbíoḋ na Gaeil suas leo.



3.—Tá sé ráite gur san am san a tógaḋ na cloigṫiṫe. Ḃailíoḋ na manaiġ niṫe luaċ ṁara iontu ċun iad do sáḃáil ó na Loċlannaiġ.




4.—Seolaḋ na Loċlannaiġ suas na haiḃne. Ḃí caḃlaċ ag Tuirgéis i Loċ nEaċaċ. Scrios sé an dúṫaiġ. Aċ ḃáiṫ Maolśeaċlainn Rí i Loċ Uair é.



5.—Ċun iad féin do ċosaint ṫóg na Loċlannaiġ longfoirt. Ḃí ceann mór in Áṫ na gCasán agus ceann eile i nDuiḃ Linn .i. Áṫ Cliaṫ.



6.—Ruaig Aoḋ Finnliaṫ as Leaṫ Coinn iad. Ḃíodar láidir sa Ṁumain nó gur ṫáinic Dal gCais i dtreis. Ḃuaiġ Brian Ború go minic orṫu.



7.—Rinne Árd-Rí na hÉireann de Ḃrian. Ċeap sé dliṫe fónta, ċuir sé scoileanna dá ḋéanaṁ agus bóiṫre agus droiċid. Ḃí raṫ ar Éirinn len a linn.



8.—Ní raiḃ na Loċlannaiġ sásta. Sa mbliain 1014 ḃailíodar as gaċ aird ina ċoinne. Ḃuaiġ Brian glan orṫu i gCluain Tarḃ, Aoine an Ċéasta.



9.—Ḃí Brian ró-aosta ċun dul sa ċaṫ. Ag suiḋe ina puball a ḃí sé nuair a ṁaraiġ beirt Loċlannaċ é. Aċ ḃí cuṁaċt na Loċlannaċ briste go deo.

# Teaċt na Normánaċ



1.—Dob é Diarmaid Mac Murċaḋa, Diarmaid na nGall, rí Laiġean, faoi ndeara na Normánaiġ a ṫeaċt go hÉirinn. Toisc é do ḋéanaṁ droċḃirte ḃain Ruairí Ó Concubair, Ard Rí, a ríoċt de.



2.—Anonn leis go Sasana á iarraiḋ ar Éinrí II cabṙú leis ċun a ríoċt d'fáil ṫar n-ais. Normánaċ dob ea Éinrí agus ḃí Sasana ar fad agus cuid ṁaiṫ den ḃFrainc aige mar ríoċt.



3.—Tarla go raiḃ Éinrí sa ḃFrainc san am. Ċuaiġ Diarmaid ċuige ċun na Fraince agus ṫug Éinrí cead dó ridirí Normánaċa d'fáil i Sasana ċun cabṙú leis. Níor ḋeacair dó a leiṫéid d'fáil.



4.—Sa mbliain 1169 ṫáinic i dtír i Loċ Garman 400 Normánaċ faoi Riobard Mac Giolla Stiofáin. Ġeall Diarmaid don Ard-Rí go gcuirfeaḋ sé na Normánaiġ abaile arís. Níor ċuir, áfaċ.



5.—In earraċ na bliana 1170 ṫáinic Réamonn le Gros. Tamall ina ḋiaiḋ san ṫáinic Strongbow. Ġaiḃ sé Port Láirge agus rinne sé ár mór ann. Pós sé Aoife, iníon Ḋiarmada.




6.—Ġluais na Normánaiġ i dtreo Áṫ Cliaṫ. Ċuaiġ an tArd-Rí ann, freisin. Rinne an tArd-Easpag, Naoṁ Lorcán Ó Tuaṫail, iarraċt ar réiteaċ leis na Normánaiġ aċ teip air.



7.—D'éag Diarmaid sa mbliain 1171. Ḃí Strongbow ina rí ar Ċúige Laiġean. Ní raiḃ na Gaeil sásta leis. Ġaḃadar Port Láirge agus Loċ Garman ṫar n-ais. Níorḃ fada gur cailleadar arís iad.



8.—Ṫáinic Éinrí féin go hÉirinn sa mbliain 1171, agus 10,000 fear leis. Ċuir sé faoi in Áṫ Cliaṫ. Ṫáinic roinnt de ríṫe na hÉireann ag géilleaḋ dó. Ní raiḃ an tArd-Rí orṫu ná ríṫe Ṫír Eoġain ná Ṫír Ċonaill.



9.—Ḃronn Éinrí tailte na hÉireann ar a ridirí féin. Fuair Strongbow Cúige Laiġean; de Lása, Cúige na Miḋe; de Cúrsa, Cúige Ulaḋ; de Búrca, Cúige Connaċt. Ṫógadar uile caisleáin móra.

J.J.

# Éire Dá Ġaḃáil



1.—Ċosnaiġ na Normánaiġ ar na tailte a ḃronn Éinrí orṫu a ġaḃáil. D'éiriġ go maiṫ leo mar ġeall ar ḟeaḃas a n-arm agus a n-éide agus mar ġeall ar na caisleáin ṁóra a ṫógadar.



2.—Ní raiḃ ag éirí go ró-ṁaiṫ leis an Ard-Rí. Sa mbliain 1175 ḋein sé socrú le hÉinrí. D'ḟan sé ina rí ar Ċonnaċt agus ina Ard-Rí ar an gcuid d'Éirinn ná raiḃ ag na Normánaiġ.



3.—Ġaiḃ Strongbow bailte cósta Ċúige Laiġean agus leaṫ sé a ċuṁaċt faoin dtír, freisin. Tar éis a ḃáis, 1176, ċuir na Normánaiġ forṁór Ċúige Laiġean faoin a smaċt.



4.—Ar na Gearaltaiġ sea bronnaḋ Cúige Muṁan. Toisc Dál gCais agus an Eoġanaċt ḃeiṫ ag spairn eatarṫu féin níor stopaḋ na Normánaiġ. Faoi ċeann 1242 ḃí na Gaeil as seilḃ i ḃforṁór na Muṁan.



5.—Níor éiriġ go maiṫ leis na Normánaiġ i gCúige Ulaḋ. Ṫarla aċrann idir Éinrí agus de Cúrsa. Ċuir Ó Néill agus Ó Doṁnaill le céile agus ṫiomáineadar na Normánaiġ as an gcúige ar fad.



6.—Ḃí Ruairí Ó Conċuḃair ina Rí fós i gConnaċt. D'ionsaiġ sé na Normánaiġ aċ ṫeip air buaċtaint orṫu. Ċuaiġ sé isteaċ i Mainistir Ċonga mar a ḃfuair sé bás sa mbliain 1199.



7.—Dob é Ruairí an tArd-Rí deireannaċ ar Éirinn. Fear lag, gan seasaṁ ann, dob ea é. Ba ṫrua a leiṫéid ann in aimsir na gaḃála. Dá mbeaḋ rí láidir ceart ann ḃeaḋ scéal eile le hinsint inniu.



8.—Sa mbliain 1185 ṫáinic Seán, mac Éinrí II, agus an teideal "Tiarna Éireann" aige. Roinn sé Leaṫ Ṁoġa i gcontaeṫe. Dob é a órdaiġ Caisleán Áṫ Cliaṫ a ṫógaint as ar deineaḋ Éire do rialú ó 1210 go dtí 1921.



9.—Faoi ċeann na bliana 1250 ḃí dá ṫrian d'Éirinn i seilḃ na Normánaċ. Ṫarla san toisc gan na Gaeil ḃeiṫ faoi ċeannas duine aṁáin agus gan taiṫí acu ar ċogaí na mórṡlua.

# Gaeil ar Múrcailt



1.—Timpeall na bliana 1250 ṫuig na Gaeil go gcaiṫfidís aontú ina measc féin. Taoisiġ a ċruinniġ le ċéile i gCaoluisce sa ḃliain 1258 ṫoġadar Brian Ó Néill mar Ard-Rí. Aċ maraíoḋ é an ḃliain dar gcionn ag ionsaí Dún Pádraig dó.



2.—Ní raiḃ arm seasta in Éirinn ó aimsir na Féinne. Anois fuair ríṫe Ulaḋ saiġdiúirí mar ċúnaṁ ó iarṫar na hAlban. Gallóglaiġ a tugaḋ orṫu. Tagaḋ a leiṫéidí ag caḃrú leis na Gaeil go ceann na gcéadta blian.



3.—Táinic Éamonn Brús, dearṫáir Riobáird, rí na hAlban, go hÉirinn sa mbliain 1315 ċun caḃraiṫe leis na Gaeil. Faoi trí laistiġ de ḃliain ḃris sé ar na Normánaiġ. Coróiníoḋ in a Ard-Rí ar Éirinn é sa mbliain 1316.



4.—I ndeireaḋ na bliana 1316 ṫáinic Riobárd féin. Teip air Áṫ Cliaṫ do ġabáil. D'fill sé ar Albain. An ḃliain dar gcionn ḃuaiġ na Normánaiġ ar na Gaeil i ḃFoċairt. Maraíoḋ Éamonn Brús sa ċaṫ.



5.—Ḃí na Normánaiġ in Éirinn dá n-asaṁlú ag na Gaeil. Pósadar Gaeil; laḃradar an Ġaeilge; ġlacadar le nósanna na nGael. San am céanna, ḃí Normánaiġ Ṡasana á n-asaṁlú ag na Sasanaiġ.



6.—Ċuir Rí Ṡasana, Éadḃard II a ṁac, Lionel, go hÉirinn mar fear ionaid. Tionól sé párlaimint i gCill Ċoinniġ, 1367. Riṫeaḋ dliṫe ċun gaelú na Normánaċ do ċosc. Teip orṫu glan.



7.—Ṫáinic Risteárd II, 1894, agus 34,000 fear leis. Ar a ṡlí ó ṫuaiḋ ó Portláirge ḃí Art Mac Murċaḋa Caoṁánaċ á ṡíor ionsaí. Ċaill sé oiread san dá ċuid fear gur fill sé ṫar n-ais go Sasana.




8.—Sa 15ú aois ḃí cuṁaċt na Sasanaċ an-lag in Éirinn. Ní raiḃ dílis don Rí aċ an Páil, limistéar timpeall Áṫ Cliaṫ. Tríoċa míle ar faid a ḃí an Páil agus fiċe míle ar leiṫead.



9.—Ḃí cogaḋ ar siúl ag na Sasanaiġ sa ḃFrainc an uair úd. Ní hionaḋ iad do ḃeiṫ lag in Éirinn. Ċailleadar sa ḃFrainc mar ġeall ar Naoṁ Sioḃán d'Arc. Ba ġearr gur éiriġ cogaḋ i Sasana féin, Cogaḋ na Rós.

# Na Gearaltaiġ



1.— B'iad na Normánaiġ ba ṁó clú agus cuṁaċt in Éirinn Iarlaí Ċill Dara agus Deasṁuṁan. Gearaltaiġ iad gur ṫáinic a sinsir anall 1169. Sa 15ú aois ba ġaelaí iad ná na Gaeil féin.



2.— Sa mbliain 1468 ceapaḋ Gearóid Mór Mac Gearailt mar ḟear ionaid an Rí in Éirinn. Ṫaoḃaiġ sé le Perkin Warbeck, duine a ḃí á rá gurḃ é féin rí ceart Ṡasana, agus briseaḋ as an bpost é.



3.— Sa mbliain 1494 ceapaḋ an Ridire Éadbard Poynings mar ḟear ionaid. Riṫ seisean dlí i nDroiċead Áṫa á ċosc ar Éireannaiġ parlaimint do ṫionól ná dlí do ċeapaḋ gan ċead ó Rí Ṡasana.



4.— Ní raiḃ Dlí Poynings i ḃfeiḋm lasmuiġ den Ṗáil. Ceapaḋ Gearóid Mór arís mar ḟear ionaid sa mbliain 1496. Go dtí go ḃfuair sé bás, 1513, ḃí cuṁaċt rí aige sa tír.



5.— Rinne Éinrí VIII fear ionaid de Ġearóid Óg. Rialtóir cliste, éifeaċtaċ dob ea é seo. Ḃí an-ḃáiḋ aige le cultúr agus le teanga na nGael agus le gaċ ní dár ḃain le gaelaċas.



6.— Ḃí mórán daoine ann agus éad acu leis. Ċuir cuid acu niċe ina leiṫ. Ġlaoiġ Éinrí go Londan air. Sar ar imiġ sé ċeap sé a ṁac, Tomás an tSioda, ina áit nó go ḃfillfeaḋ sé féin.



7.— Duine mear teasaí dob ea Tomás agus is ag a naiṁde a ḃí a fios san go maiṫ. Leaṫadar ráfla d'aon ġnó ċun Tomás do ċur ar buile le fearg. Dar leo, dúnṁaraíoḋ Gearóid Óg i Londan.



8.— Ċreid Tomás an ráfla. D'imiġ sé láiṫreaċ go dtí Caisleán Áṫ Cliaṫ, ċaiṫ sé uaiḋ an claíoṁ Stáit agus dúirt ná beaḋ sé feasta ina ṡeirḃíseaċ ag an rí aċ ina ḋearg-naṁa.



9.— D'éiriġ sé amaċ. Ḃuaiġ Skeffington, an fear ionaid nua air. Tugaḋ é féin agus cúigear uncal dó go Londan. Díċeannaḋ iad uile, 1535. Fuair Gearóid Óg bás tamall ina ḋiaiḋ san.

# Creideaṁ ⁊ Plandáil



1.—Ḃí ar an bPápa Éinrí VIII do ċoinnealḃáiteaḋ. Dúirt Éinrí gurḃ é féin ceann na hEaglaise i Sasana. Ċuir sé mainistreaċa agus cloċair faoi ċois i Sasana agus in Éirinn.



2.—Ṫáinic St. Leger go hÉirinn mar ḟear ionaid agus rinne sé an-ṁuintearas le taoisiġ na nGael. Bronnaḋ teidil orṫu — Iarla Ṫír Eoġain ar Ó Néill, Iarla Ḋeasṁuṁan ar Ṁac Cárṫaiġ agus mar sin de.



3.—Dob é Éadḃard VI a lean Éinrí mar rí. Ċuir sé an Protastúnaċt ċun cinn go mór. Máire, Caitliceaċ, a lean Éadḃard i gcoróin. Dob í a rinne an ċéad plandáil in Éirinn, i Laois agus in Uí Fáilġe.



4.—Dob é Seán Ó Néill—Seán an Díomais—an naṁa ba ṁó ag na Sasanaiġ i lár na 16ú aoise. Ní ḃeaḋ aige aċ a ṫeideal féin, An Niallaċ. Dob é taoiseaċ Ulaḋ an faḋ é. Sa mbliain 1567 ṁaraiġ Doṁnallaiġ Aontroma é.



5.—Dob í Éilis a lean Máire i gcoróin. Rinne sí a díċeall an Protastúnaċt do ḃunú go daingean in Éirinn trí gaċ sórt géarleanúna. In ainneoin sin d'ḟan na daoine dílis don gCreideaṁ.



6.—Rinne Séamas Mac Muiris Mac Gearailt iarraċt ar na Gearaltaiġ d'aontú ċun a dtailte agus a gCreideaṁ a ċosaint. Níor ṡeas na taoisiġ le ċéile agus d'imiġ Séamas leis go dtí an Mór-Roinn.



7.—Sa mbliain 1579 d'ḟill sé go hÉirinn agus caḃlaċ beag Spáinneaċ aige. Ġaiḃ sé cuan i nDún an Óir, i gCiarraiġe. I gContae Luimniġe d'ionsaiġ na Búrcaiġ é agus maraíoḋ é sa ċaṫ.



8.—D'éiriġ na Gaeil amaċ faoi Viscount Baltinglass agus Fiaċ Mac Aoḋa Ó Broin, i gCill Ṁantáin. Ḃriseadar caṫ ar na Sasanaiġ i nGleann Maoiliúra cé nár ċaḃraiġ na taoisiġ eile leo.



9.—Cúpla mí ina ḋiaiḋ sin ṫáinic 800 Spáinneaċ i dtír i nDún an Óir. D'ionsaiġ na Sasanaiġ iad ar muir is ar tír. Ḃí orṫu géilleaḋ. Dúnṁaraíoḋ iad uile go gránna. Ḃí deireaḋ troda sa Ṁumain.

# Plandáil na Muṁan



1.—Rinneaḋ an Ṁuṁa do plandáil tar éis éiriamaċ Ṡéamais Ṁic Ṁuiris. Cuireaḋ na Gaeil as seilḃ. Ní raiḃ cead ag na Sasanaiġ a fuair na tailte aċ tionóntaí Sasanaċa do ḃeiṫ acu.



2.—Na neimsí a fuair na plandóirí ḃí idir 4,000 agus 12,000 acra iontu. Leaṫréal an t-acra an cíos a ḃí orṫu. Mar sin féin ḃí leisce ar na Sasanaiġ teaċt ċun an talaṁ do ṫógaint.



3.—Fuair Sir Walter Raleigh 12,000 acra. In Eoċaill a ċuir sé faoi. Tá sé ráite gurab é a ċuir tús in Éirinn le nós caiṫe an tobac, agus gurab é a ṫug an práta go hÉirinn don ċéad uair, freisin.



4.—Fuair Edmund Spenser, an file, 3,000 acra i gContae Ċorcaiġe. Dóaḋ a ċaisleán, Cill Ċolmáin, mar ar scríoḃ sé The Faery Queene, an dán ba ṁó cáil aige. Ruaigeaḋ as an dtír é.



5.—Glac cuid de na plandóirí ċucu féin teanga agus nósa na nGael. D'fan scataí de na Gaeil féin ar a gcuid tailte toisc gan Sasanaiġ a ḃeiṫ ann a ṫógfaḋ iad. Tríd is tríd, ṫeip ar an bplandáil.



6.—Ḃí Connaċt trí-na-ċéile faoin Sasanaċ Bingham. Dúnṁaraíoḋ na sluaite daoine, loiteaḋ na barraí, maraíoḋ na beiṫíġ i dtreo go raiḃ ocras is gorta ar fuaid an Ċúige.



7.—Duine aṁáin a ṡeas go cróga in aġaiḋ Bingham dob ea Gráinne Ní Ṁáille bantaoiseaċ san iarṫar. Loingseoir iontaċ dob ea í. Ḃuaiġ sí caṫ mara ar na Sasanaiġ láṁ le Gaillim.



8.—I gCúige Ulaḋ ḃí Aoḋ Ó Néill i gcuṁaċt. I Sasana sea tógaḋ é. Teideal ó Ṡasana, Iarla Ṫír Eoġain, a ḃí aige. Ḃeaḋ sé dílis do Éilís agus do Ṡasanaiġ, dar leo.



9.—Dob é an t-aon áit aṁáin go raiḃ coinne ag na Sasanaiġ le trioblóid ann, Tír Ċonaill. Taoiseaċ cróga dob ea Aoḋ Duḃ Ó Doṁnaill. Ní raiḃ arm láidir go leor ag an bfear ionaid le cur ina ċoinne.

# Aoḋ Rua Ó Doṁnaill



1.—Mac d'Aoḋ Duḃ O Domnaill dob ea Aoḋ Rua. Ḃí eagla ar na Sasanaiġ roiṁe agus ċeap Sir John Perrott, fear ionaid an rí, plean ċun é ġaḃáil.



2.—Sa mbliain 1587 tainic long lá go Loċ Súiliġe. Ċuaiġ an scéal amaċ go raiḃ fion Spáinneaċ uirti. D'imiġ Aoḋ Rua ar bord na loinge agus rinneaḋ cime de.



3.—Seol an long go tapaiḋ go Baile Áṫa Cliaṫ. Cuireaḋ Aoḋ Rua—ní raiḃ sé aċ 16 bliana d'aois—ina priosúnaċ i gCaisleán Áṫ Cliaṫ.



4.—Oiċe ḋorċa i lár an ġeiṁriḋ sa mbliain 1590 d'éiriġ leis éaló. Ḃain sé sléiḃte Ḃaile Áṫa Cliaṫ amaċ. Leanaḋ é, áfaċ, agus gaḃaḋ arís é.



5.—D'éalaiġ sé arís Oiċe Nollag, 1591, agus beirt ṁac le Seán an Díomais, Éinrí agus Art Ó Néill, in éineaċt leis. Ċabraiġ Fiaċ Mac Aoḋa Ó Broin leo éaló.



6.—Ċuaiġ Éinrí Ó Néill amú fan na slí agus ní facṫas riaṁ ina ḋiaiḋ sin é. Tug a ċompánaiġ a n-agaiḋ ó ḋeas ar Ġleann Ṁaoiliúra.



7.—Ṡiúladar leo go dtí go raḃadar sáraiṫe. Luíodar faoi scáṫ carraiġe. Ċuaiġ duine de ṁuintir Ḟiaiċ Ṁic Aoḋa ar agaiḋ ċun cúnaṁ d'ḟáil.



8.—D'éag Art Ó Néill sa tsneaċta. Ḃí Aoḋ Rua i rioċt an ḃáis nuair ṫáinic an ċaḃair. Hiompraḋ go Gleann Ṁaoiliúra é agus ṫáinic biseaċ air.



9.—Cuireaḋ fíorċaoin fáilte roiṁe nuair d'fill sé ar Ṫír Conaill ina ḋiaiḋ sin. D'éiriġ a aṫair as beiṫ ina ṫaoiseaċ agus toġaḋ Aoḋ Rua ina áit.

# Cogaḋ na Naoi Blian



1.—Ag ullmú ċun cogaiḋ, i gan fios, i gcoinne na Sasanaċ a ḃí Aoḋ Ó Néill. Ċeangail sé caradas leis na taoisiġ Ultaċa eile. Fuair sé stór mór luaiḋe dá ṫeaċ aċ is piléir a rinne sé ḋí.



2.—Ċuaiġ arm Sasanaċ go Fir Manaċ i gcoinne an taoisiġ, Mag Uiḋir. Ċuir Aoḋ Ó Néill arm Ultaċ féin a ḋearṫáir, Cormac, ċun caḃrú le Mag Uiḋir. Buaḋ ar na Sasanaiġ ag Béal Áṫa na mBriosca, 1594.



3.—Ġaiḃ Aoḋ Ó Néill caisleán an Poirt Ṁóir ar an Aḃa Ṁór agus ruaig sé na Sasanaiġ as Tír Eoġain ar fad. Ṫug na taoisiġ uile le ċéile aġaiḋ ar Ṁuineaċán.



4.—Ṫainig Sir John Norris agus a arm ċun caḃrú le luċt cosanta Ṁuineaċáin. Ḃuaiġ Ó Néill glan orṫu ag Cluain Tiobraid. Ṫeiṫ na Sasanaiġ. Ġéill arm Ṁuineaċáin do Aoḋ Ó Néill.



5.—Cuireaḋ trí airm i gcoinne na nGael ansan. Aċ, ḃuaiġ Ó Doṁnaill ar arm acu ar an gCorr-ṡliaḃ; ḃuaiġ Tirial ar arm eile acu ag Bearna an Tirialaiġ; ḃuaiġ Ó Néill ar an triú ceann i gCo. Ard Ṁaċa.



6.—Baineaḋ Port Mór de na Gaeil. Ṫug Ó Néill faoi arís. Ċuaiġ arm mór Sasanaċ ó ṫuaiḋ ina ċoinne aċ ḃuaiġ Ó Néill orṫu scun scan sa ċaṫ ba mó dár ḃuaiġ arm Gael riaṁ.



7.—Cuir an Ḃanríon Éilís an tIarla Essex go hÉirinn agus 19,000 fear aige. Ċaiṫfeaḋ sé na Gaeil uile a ċur faoi ċois agus, go háiriṫe, taoisiġ Ulaḋ.



8.—Is ó ḋeas a ṫug sé a aġaiḋ i dtosaċ. Ṫug na Gaeil faoi i mBearna na gCleiti i Laois. Caill sé mórán fear. Ṫug sé cuairt ar an Ṁumain agus d’fill go Baile Áṫa Cliaṫ.



9.—Ḃí Éilís ar buile ċuige. “Téir ó ṫuaiḋ láiṫreaċ,” d’ordaiġ sí dó. Rinne sé rud uirṫi aċ is síoċáin a rinne sé le hAoḋ Ó Néill. Glaoḋ ṫar nais go Sasana é agus diċeannaḋ é.

# Caṫ Ċionn tSáile



1.—Sa mbliain 1600 ṫáinic Mountjoy go hÉirinn mar ḟear ionaid. Ḃí Carew i gceannas sa Ṁuṁain. Loit sé na barraí ar na daoine. Rinne sé iarraċt ar ċáirde Uí Néill do ḃreabaḋ.



2.—An ḃliain dar gcionn ṫáinic 4,000 Spáinneaċ faoi Don Juan del Aquila i dtír i gCionn tSáile ċun cabḃrú leis na Gaeil. B'ḟearr gur i gCúige Ulaḋ a gaḃfaidís cuan. Cuireaḋ an scéal go dtí Ó Néill.



3.—Ḃí na Spáinnig curta fúṫu san mbaile agus ḃí na Sasanaiġ timpeall orṫu ar muir is ar tír. Ṫáinic Ó Domnaill aduaiḋ láiṫreaċ i lár an Ġeiṁriḋ agus Ó Néill tamaillín ina ḋiaiḋ.



4.—Ḃí na Sasanaiġ ar tír gafa idir na Gaeil agus na Spáinniġ. B'ḟearr le hAoḋ Ó Néill gan caṫ d'ḟearaḋ láiṫreaċ mar, dá ḃfoiġneoḋ na Gaeil tamall, go ngéillfeaḋ na Sasanaiġ ċeal ḃiḋ.



5.—Ċruinniġ Ó Néill na hoifigiġ i ndáil-ċomairle. Ṫeastaiġ an caṫ do ċur ón a ḃformór. Socraíoḋ ar an 23ú Nollaig, 1601. Aċ ḃí an spiodóir ann agus is ró-ṁaiṫ a rinne sé a ġnó.



6.—Tosnaiġ an caṫ tráṫnóna an sprioc-lae, tráṫnóna fliuċ, dorċa. Aċ is ró-ullaṁ a ḃí na Sasanaiġ. Ḃuadar glan ar na Gaeil. Ṁaraíodar a lán agus ġoineadar a lán eile.



7.—D'imiġ Ó Néill ó ṫuaiḋ ċun Ulaiḋ a ċosaint. Ċeangail Don Juan síoċáin leis na Sasanaiġ agus d'ḟill aḃaile. Ḃí Ó Domnaill sa Spáinn ċeana ar lorg cabḃraċ. Ṫug spiodóir Sasanaiġ nim ḋó.



8.—Loit Carew gaċ caisleán sa Ṁuṁain a ḃí fós i seilḃ na nGael. B'é Domnall Ó Súilleaḃáin Ḃéarra, aga raiḃ 143 duine, an t-aon duine a ṡeas ina ċoinne. Ar feaḋ sé seaċtaine ċosain sé Dún Baoi i gcoinne 8,000 Sasanaċ.



9.—Tar éis léigear Ḋún Ḃaoi d'éalaiġ Ó Súilleaḃáin Ḃéarra agus a raiḃ dá ṁuintir beo fós, ón nGleann Garḃ go dtí Ḃreifne Uí Ruairc. As san d'imiġ sé ċun na Spáinne mar ar ṁair sé go bás.

# Teiṫeaḋ na nIarlaí



1.—Tuig Aoḋ Ó Néill nárḃ ḟiú leanúint den gcogaḋ agus rinne sé conraḋ le Mountjoy ag Mainistir Mellifont, 1603. Ḃí talaṁ agus teideal ag Ó Néill ansan fé ḋlí Ṡasana.



2.—Fuair Éilís, Ḃanríon Ṡasana, ḃás cúpla lá roiṁe sin aċ níor inis Mountjoy dó é le heagla ná ceanglóḋ Ó Néill síoċáin leis. Ṫáinic Séamas I i gcoróin i ndiaiḋ Éilíse.



3.—Níor stad na Sasanaiġ de ḃeiṫ ag cur isteaċ ar Ó Néill in ainneoin an ċonarta. Ḃíodar ag iarraiḋ é ḃriseaḋ as a ċuid. Ḃeartaiġ sé Éire d'ḟágáil ar fad.



4.—I mí an Ṁeán-Ḟóṁair, 1607, ċuaiġ Ó Néill, a ḃean agus a ċlann agus a ċairde—suas le céad duine ar fad—ar ḃord loinge i Loċ Súiliġe agus ṡeoladar go dtí an Ḟrainc.



5.—Ċuaiġ siad as san go dtí an Róiṁ. Ċuir an Pápa mór-ḟáilte rompu. Fuair Ruairí Ó Doṁnaill, Iarla Ṫír Ċonaill, ḃás sa Róiṁ an ḃliain ċéanna.



6.—Ṁair Aoḋ Ó Néill go dtí 1616. Ḃí sé an-aosta, é dall, é go huaigneaċ brónaċ, le linn a ḃáis. Cuireaḋ é le hais Ruairí Uí Ḋoṁnaill i ḃfad óna ṫír féin.



7.—Nuair a ḃí na hIarlaí imiṫe fuair na Sasanaiġ an ċaoi do ḃí uaṫu. Ġaiḃ Chichester, an fear ionaid, Tír Ċonaill, Fir Manaċ, Cabhán agus ṗlandaiġ iad.



8.—Fuair trí ṡaġas daoine talaṁ: Undertakers, Servitors agus Gaeil. Ní ḃfuair na Gaeil aċ $\frac{1}{10}$ den talaṁ ba ḃoiċte. D'ḟan roinnt Gael sna coillte agus ṫugaidís foġa faoi na plandóirí.



9.—Ḃí síoċáin in Éirinn ansan aċ b'í síoċáin na reiliġe í. Ní raiḃ taoiseaċ ann ċun na ndaoine a ṫreorú ná a ġríosaḋ. Mar dúirt an file, "gan triaṫ acu aċ Dia na Glóire."

# Éirí Amaċ 1641



1.—Ṫáinic Séarlas I i gcoróin i Sasana i ndiaiḋ Séamais I. Ḃá ní sea ḃí ag déanaṁ buarṫa ḋó, .i. ceal airgid agus gan an Parlaimint a ḃeiṫ ag réiteaċ leis.



2.—Ġeall cuid de na Gall-Ġaeil £120,000 sa mbliain 1628 dá gcuirfeaḋ sé ar ceal na dliṫe i gcoinne na gCaitliceaċ. Tugaḋ leaṫ an airgid ḋó aċ toisc eagla do ḃeiṫ air roiṁ an bParlaimint níor ṡeas sé len a ḟocal.



3.—Sa mbliain 1633 ṫáinic Tomás Wentworth mar ḟear ionaid. Ċoisc sé tionscal na holla in Éirinn toisc é ḃeiṫ ag cur isteaċ ar an tionscal i Sasana. Ḃunaiġ sé tionscal an línéadaiġ in Ulaiḋ.



4.—Ċruinniġ Wentworth arm —9,000 fear— in Éirinn, a ċaḃróḋ le Séarlas i gcoinne na Parlaiminte. Ċuir an Parlaimint focal ċuige dul go Londan. Ċuaiġ agus díċeannaḋ é sa mbliain 1641.



5.—Ḃailiġ Ruairí Ó Mórḋa na taoisiġ le ċéile agus ṡocraíodar ar ṫroid ar son saoirse an Ċreidiṁ agus ċun na tailte a plandaíoḋ in Ulaiḋ d'ḟáil ṫar nais. Dob é 23ú Deireaḋ Ḟóṁair, 1641, an sprioc-lá don éirí amaċ.



6.—D'éiriġ go breá le Feidlim Ó Néill i gCúige Ulaḋ. In aon tseaċtain ḃí an Cúige uile faoi ċeannas na nGael. Aċ scéiṫ spíodóir ar na Laiġniġ. Gaḃaḋ na taoisiġ agus croċaḋ iad.



7.—De ṡlioċt na Normánaċ dob ea cuid ṁór de na taoisiġ in Éirinn anois. Caitliciġ dob ea na Gall-Ġaeil seo. Ṫionóil siad coṁḋáil agus ṡocraíodar ar ṡeasaṁ i gcoinne na Sasanaċ.



8.—D'ḟág san ceiṫre airm in Éirinn: na Gaeil (ṫeastaiġ uaṫu na Sasanaiġ a ċur as an dtír); na Gall-Gaeil (ḃeidís sásta le saoirse Ċreidiṁ); na Ríogaiġ (muintir Ṡéarlais); na Púraitíniġ (luċt na Parlaiminte).




9.—Sa mbliain 1642 ṫionóil na Gaeil is na Gall-Ġaeil Coṁḋáil Ċill Ċoinniġ. Ḃí toscairí ann ó na ceiṫre cúigí. Dob í an Ċoṁḋáil a rialaiġ an ċuid sin d'Éirinn a ḃí gafa ag luċt an Éirí Amaċ.

# Eoġan Rua Ó Néill



1.—Ṫáinic Eoġan Rua Ó Néill go hÉirinn sa mbliain 1642 ón Spáinn mar a raiḃ sé ina ṡaiġdiúir cáiliúil. D'fág sé Éire nuair ná raiḃ sé aċ 19 mbliana. Mac deartár do Aoḋ Ó Néill dob er. é.



2.—Tug se leis 200 oifigeaċ agus stór mór gunnaí agus piléar. Ba ċeannaire iomráiteaċ é agus bí a ċlú leata ar fuaid na hEorpa. Níorḃ fada go raiḃ arm cruinniṫe in Éirinn aige.



3.—Ní raiḃ na Gaeil agus na Gall-Ġaeil ag réiteaċ le ċéile an t-am úd. Tionóil na heaspaig cruinniú Gael agus Gall-Gael i gCill Ċoinniġ. D'feiḋmiġ an Ċomḋáil seo mar parlaimint sa tír go dtí 1649.



4.—Ba ċeart go gcuirfeaḋ an Ċomḋáil Eoġan Rua i gceannas an dá arm—Gaeil agus Gall-Ġaeil—aċ ní dearna. Ḃí Preston i gceannas i Laiġin, de Barra sa Ṁumain, de Búrca i gConaċta, agus Ó Néill in Ulaḋ.



5.—Sa mbliain 1645 ċuir an Pápa fear ionaid go hÉirinn, an Cairdinéal Rinnuccini. Taoḃaiġ seisean le hEoġan Rua aċ níor éiriġ leis a áiteaṁ ar an gComḋáil Ó Néill a ċur i mbun an dá arm.



6.—Rinne an Ginerál Munró, ceannaire Arm Parlaiminte Ṡasana, iarraċt ar an gComḋáil a ḃriseaḋ. Sa mbliain 1646, ḃuaiġ Eoġan Rua caṫ mór ar Ṁunró ag an mBeinn Ḃorb i gContae Tír e)ġain.



7.—Ḃí timpeall 6,000 fear ag Munró agus 5,600 ag Eoġan Rua sa ċaṫ. Maraíoḋ breis is 3,000 de na Púraitíniġ; níor maraíoḋ d'arm Eoġain Rua aċ timpeall 70 fear. Tug an bua misneaċ do na Gaeil.



8.—Ċuaiġ Ó Néill ansan ċun Áṫa Cliaṫ d'ionsaí. Nuair ráiniġ sé Cill Cóice fuair sé amaċ go raiḃ Preston ag iarraiḋ siḋċáin a ċeangal leis na Páraitíniġ. Ḃuaiġ na Páraitíniġ ar Preston níoj déanaí.



9.—Ċuaiġ Ó Néill ó deas. Ḃí an láṁ uaċtair ag na Púraitíniġ in Éirinn agus i Sasana. Ṫáinic Oiliḃéar Cromail go hÉirinn, Lúnasa 1649. Fuair Eoġan Rua bás ag Loċ Uaċtair, an ḃliain ċéanna.

# Oiliḃéar Cromail



1.—Ḃuaiġ Cromail, taoiseaċ na bPúraitíneaċ, ar na ríoġaiġ i Sasana sa mbliain 1649. Fear gan trua gan taise dob ea é. Ḃí scoṫ na saiġdiúirí faoi agus iad duḃ i gcoinne an Ċreidiṁ.



2.—Tuigeaḋ dó gur ag troid ar son Dé a ḃí sé. Ċuirfeaḋ sé deireaḋ leis an gCreideaṁ Caitliceaċ. D'iarr sé caḃair ar Ḋia roiṁ gaċ caṫ agus ṫug buíoċas Dó nuair a ḃí buaite aige.



3.—Sa mbliain 1649 ṫáinic sé go hÉirinn d'fonn an tír do ċur faoi ċois. Ġaiḃ sé calafort in Áṫ Cliaṫ agus arm 17,000 leis. Ní raiḃ aon ċeal airgid ná gunnaí ná arm air.



4.—Ċuaiġ sé faoi ḋéin Ḋroiċid Áṫa agus in ainneoin cosaint ċróga na nGael ġaiḃ sé an baile. Ċuir sé a raiḃ ann ċun báis idir ṡaiġdiúirí, mná is páistí.



5.—D'imiġ leis ansan go Loċ Garman. Ní ġéillfeaḋ an baile dó aċ d'oscail duine de ṁuintir Ṡionóid na geataí, ṫit an baile agus dúnṁaraíoḋ na daoine go cruálaċ.



6.—Ġaiḃ sé Ros Ṁic Treoin, Dún Garḃán agus Ceapaċ Ċuinn. Ansan ṫug sé foḃa faoi Ṗortláirge. Ionsaíoḋ é féin. D'iompaiġ sé agus d'imiġ go hEoċaill mar ar ċaiṫ sé an Geiṁreaḋ.



7.—I ndeireaḋ an Ġeiṁriḋ ġaiḃ sé Cill Ċoinniġ tar éis na gCill Ċoinníoċ do ḋéanaṁ an-ṫroda. Rinne an pláiġ scrios agus ḃí ar na Gaeil géilleaḋ. Scaipeaḋ arm na Comḋála.



8.—Rinne Cluain Meala, faoi Aoḋ Duḃ Ó Néill, an-seasaṁ go ceann trí seaċtaine. D'éiriġ lón cogaiḋ an ḃaile ídiṫe. D'éalaiġ Ó Néill agus a ċuid saiġdiúirí agus tugaḋ an baile suas do Ċromail.



9.—D'fill Cromail ar Ṡasana. Naoi mí a ḃí caite aige in Éirinn. Mar sin féin ḃí leaṫ na tíre faoi ċois aige. Fuair sé bás sa mbliain 1658 agus rinneaḋ rí de Ṡéarlas II sa mbliain 1660.

# Plandáil Ċromail



1.—Agus Éire faoi ċois ag Cromail tosnaíoḋ ar an tír a ṗlandáil. Ḃeaḋ ar na Gaeil imeaċt leo tar Ṡionnainn siar go dtí Co. an Ċláir agus Cúige Ċonnaċt.



2.—Éinne go raiḃ cúram clainne air ḃí air imeaċt roiṁ Lá Coille, 1654. Ḃí ar an gclann é leanúint roiṁ Lá Ḃealtaine. Ḃí ar gaċ éinne idir óg agus aosta, breoite is lag, bailiú leo.



3.—Go Baile Loċa Riaḃaċ a ċuadar ar dtúis. Fuaireadar caipéis ó na Coimisnéirí á rá leo cá ḃfaiġidís talaṁ. Níor ligeaḋ d'éinne cur faoi laistiġ de ċeiṫre míle ón Sionnainn ná ón ḃfarraiṫe.



4.—Mná a ṗós Protastúnaiġ ceadaíoḋ dóiḃ fanaċt aċ iad do ṡéanaḋ an Ċreidiṁ. Mar a ċéile do ṗáistí aċ iad do ṫógaint mar Ṗrotastúnaiġ. Coimeádaḋ Gaeil mar sclábaiṫe do ṗlandóirí.



5.—Cuireaḋ cuid de na Gaeil ar bord loinge agus seolaḋ go dtí na hIndiaċa Ṫiar iad. Díolaḋ mar ḋaoránaiġ iad ċun dul ag obair ar na tailte siúcra.



6.—Ní go ró-ṁaiṫ a d'éiriġ leis na plandóirí. Ḃíoḋ clampar agus formad eatarṫu. Ní rabadar sásta leis an méid talún a tugaḋ dóiḃ. Ċuaiġ na faolċoin i líonṁaireaċt agus maraíoḋ mórán daoine.



7.—Dob é constaic ba ṁó a ḃí ann na Tóraiṫe. Gaeil iad san nár imiġ leo aċ a ċónaiġ faoi ċeilt sna coillte. Creaċaidís na plandóirí do réir mar do ġeibidís an ċaoi ċuige.



8.—D'ḟan roinnt sagart faoi ċeilt ċun cabrú le Caitliciġ lastoir den Sionnainn. Croċaḋ cuid acu agus cuireaḋ cuid acu ina sclábaiṫe go dtí na hIndiaċa Ṫiar. Ní raiḃ éinne saor ó ḃaol.



9. Teip ar an bPlandail. Ġlac na Sasanaiġ tionóntaí Éireannaċa ċuca, ṗósadar Gaeil, ċleaċtadar nósa na nGael, agus ġlac a lán acu leis an gCreideaṁ Caitliceaċ.

# Oiliḃéar Ḃeannaiṫe Pluinscéad



1.—Rugaḋ Oiliḃéar Pluinscéad i gCo. na Miḋe sa mbliain 1629. In aois a 16 do ċuaiġ sé le sagartóireaċt go Coláiste na nGael sa Róiṁ. Rinneaḋ sagart ann de sa mbliain 1654.



2.—Sa mbliain 1669 d'fill sé ar Éirinn agus é ina Ard-Easpag ar Ard-Ṁaċa. Ṫosnaiġ sé láiṫreaċ ar a ṡaoṫar. Ḃí tóir ar ṡagairt an t-am san agus ba ḃaol dóiḃ.



3.—Ḃí mórán daoine ina ḟairċe nár ċuaiġ riaṁ faoi láiṁ easpaig. Laistiġ de ṡé seaċtaine ḃronn sé an tSacraimint ar ḋeiċ míle duine. Ḃí an tóir air an t-am go léir.



4.—Ṫaistil sé tríd an dtír agus é i mbréagrioċt. Ḃa ṁinic ina "ṡaiġdiúir" é, an Caiptín de Ḃrún, agus claíoṁ agus piostail aige. Ḃí ḟios ag na Caitliciġ, áfaċ, cé ḃí acu.



5.—Ḃíoḋ air uaireanta dul i ḃfolaċ sna coillte, sna sléiḃte, sna bailte, aċ ina ainneoin sin lean sé leis ag léaṁ an Aifrinn, ag bronnaḋ na Sacraimintí, ag oirdneaḋ sagart.



6.—Nuair a ḃunaiġ an Tiarna Shaftesbury an "Plean Pápaċ" trí ċeilg agus trí olc ċun na gCaitliceaċ do ġéaraiġ ar an tóir do ḃí ar ṡagairt agus go mór mór ar easpaig.



7.—I ndeireaḋ na dála do gaḃaḋ Oiliḃéar Ḃeannaiṫe i nDún Dealgan lá. Triaileaḋ é aċ níor tugaḋ aon ḟianaise ina ċoinne a ḋaorfaḋ é. In ionad é scaoileaḋ tugaḋ go Londain é ċun é aṫ-triail.



8.—Triaileaḋ go héagóraċ é i Londan agus daoraḋ ċun báis é gan aon ḟianaise ċeart do ḃeiṫ ina ċoinne. Croċaḋ é ag Tyburn, i Londan, 11ú Iúl, 1681. Mairtíreaċ do bea é.



9.—I mí na Bealtaine, 1920, ġairm an Pápa Benedict XV "beannaiṫe" de. Guiḋ ċun Dé—agus ċun Oiliḃéir Ḃeannaiṫe féin—naċ fada uainn an lá ina ngairmfear "Naoṁ" de.

# Aṫġairm an Rí, 1660



1.—Nuair do fuair Cromail bás, 1658, rinneaḋ iarraċt ar rí do ċeapaḋ do Ṡasana arís. Rinneaḋ rí de Ṡéarlas II, 1660. Ṁeas na Caitliciġ go ḃfaiġidís coṫrom na Ḟéinne uaiḋ-sin.



2.—Aċ ḃí eagla ar Ṡéarlas roiṁ an bParlaimint Protastúnaċ a ḃí aige. Ceadaíoḋ do na plandóirí in Éirinn seilḃ a ċoimeád ar na tailte a fuaireadar.



3.—Nuair fuair Séarlas II bás sa mbliain 1685 rinneaḋ rí dá ṁac, Séamas II. Caitliceaċ dob ea Séamas agus ḃí fonn air coṫrom na Ḟéinne a ṫaḃairt do Ċaitliciġ.



4.—Rinne Séamas mórán niṫe gan ċiall. D'éiriġ Sasanaiġ agus Albanaiġ amaċ ina ċoinne agus d'iarradar ar ṗrionsa ón dTír-fó-Ṫuinn, Liam Oráiste, teaċt ċun a ḃeiṫ ina rí orṫu.




5.—Protastúnaċ dob ea Liam. Ṫaoḃaiġ na plandóirí in Éirinn leis, agus formór na bProtastúnaċ, mar ḃí fios acu go ḃfágfaḋ sé seilḃ a gcuid talún acu.



6.—Ṫeiṫ Séamas go dtí an Ḟrainc agus, tar éis tamaill a ċaiteaṁ ansúd, ṫáinic sé go hÉirinn. Ḃí fios aige go dtaoḃóḋ na Gaeil leis.



7.—Cuireaḋ céad míle fáilte roiṁe. Ḃailiġ sé arm go tapaiḋ. Ḃí formór na nGael an-ṫoilteanaċ troid ar a ṡon, mar ṁeas siad go mbainfidís saoirse amaċ.



8.—Ḃí airgead agus lón cogaiḋ ag Séamas agus ḃí roinnt oifigeaċ Francaċ, agus Gaeil a ḃí sa bFrainc, leis nuair ṫáinic sé i dtír in Éirinn.



9.—Orṫu súd ḃí fear ard, oifigeaċ marc-ṡlua, darḃ ainm Pádraig Sáirséal. Ḃí an Sáirséalaċ ar an laoċ ba ṁó dar ṫroid sa ċogaḋ a ḃí ar tí tosnaiṫe.

# Pádraig Sáirséal



1.—Rugaḋ Pádraig Sáirséal timpeall 1650. Uasal de ṡlioċt Normánaċ dob ea a aṫair, aċ dob í Áine Ní Mórḋa, iníon Ruairí Uí Mórḋa, a máṫair. Cuireaḋ ar scoil míleata sa bḞrainc é.



2.—Troid sé tamall sa bḞrainc agus ansan liostáil sé in arm Séarlas II, rí Ṡasana. Nuair táinic Séamas II i gcoróinn, cuir sé an Sáirséalaċ go hÉirinn ċun troda ar a son.



3.—Briseaḋ ar Séamas i gCaṫ na Bóinne. Ċúlaiġ na Gaeil, faoi Pádraig Sáirséal, go Luimneaċ. Cuireaḋ an ċaṫair i dtreo a cosanta. Meas na Francaiġ go bḟéadfaí í gabáil "le húlla rósta."



4.—Bí gunnaí móra agus lón cogaiḋ ag teaċt ċun Liam. D'éalaiġ an Sáirséalaċ as an gcaṫair istoíċe. Ṫáinic sé ar na gunnaí in aice le Baile an Ḟaoitiġ agus séid sé san aer iad.



5.—Cuir Liam fios ar a ṫuilleaḋ gunnaí agus tar éis deiċ lá d'éiriġ leis bearna ṁór a ċur sna fallaí. Ḃris na Sasanaiġ isteaċ aċ ruaiġ muintir Luimniġe amaċ arís iad.



6.—D'éiriġ Liam as an ionsaí agus ṫug sé faoi Áṫ Luain. Dob é St. Ruth, Francaċ, a ḃí i gceannas ansúd, agus an Sáirséalaċ ag caḃrú leis. Gaiḃ arm Liam an baile.



7.—Ḃailiġ St. Ruth a ċuid fear ag Eaċdroim in agaiḋ Ginkel. Maraíoḋ St. Ruth agus coisc ná raiḃ aon eolas ag éinne eile ar plean an ċaṫa do briseaḋ ar na Gaeil.



8.—Ċuaiġ an Sáirséalaċ tar n-ais go Luimneaċ ansan agus hullṁaíoḋ an ċaṫair. Nuair nár ṫáinic caḃair ón bḞrainc ḃí air géilleaḋ sa deireaḋ. Rinneaḋ "Conraḋ Luimniġe" ansan.



9.—D'imiġ an Sáirséalaċ agus mórán den arm tar lear agus bunaíoḋ "Briogáid na nGael" in arm na Fraince. Maraíoḋ Pádraig Sáirséal i gCaṫ Landen, 1693, agus é ag troid ar son na Fraince.

# Gaeil Ṫar Lear



1.—Tar éis Conraḋ Luimniġe d'ḟág 24,000 fear Éire agus ċuaiġ a bḟormór in arm na Fraince. Dob iad san "Briogáid na nGael." Lean Gaeil ag liostáil sa Ḃriogáid nó gur scaipeaḋ í sa mbliain 1792.



2.—Ḃí Sasana agus an Ġearmáin ag troid i gcoinne na Fraince san am. I ngaċ caṫ a ṫarla —Blenheim, Ramilles, Oudenardel, Malplaquet —rug na Gaeil an ċraoḃ an ċrógaċt.



3.—Ba ṁór an éaċt míleata a rinne na Gaeil ag cosaint Ċremóna dóiḃ. Ba líonṁaire i bfad an naṁa ná iad aċ ḃuaiġ na Gaeil scun scan air faoin a dtaoiseaċ, Domnall Ó Maṫġamna.



4.—Dob é caṫ Fontenoy, 1745, an caṫ ba mó ina rug na Gaeil an ċraoḃ leo don bḟrainc. Dob é adúirt rí Ṡasana tar éis an ċaṫa: "Mo ṁallaċt ar an té a ḃain díom a leiṫéidí de ṡaiġdiúirí."




5.—Fuair leaṫ-ṁillíún Gael bás in arm na Fraince idir 1692 agus 1792. Tar éis na Muirṫéaċta scaipeaḋ an Ḃriogáid. Dob é gáir ċaṫa a ḃíoḋ acu: "Cuiṁníġ ar Luimneaċ is ar ḟeall na Sasanaċ."



6.—Ḃí Gaeil cáiliúla tríd an Eoraip uile. Iad ina n-oll-úna, ina ndoċtúirí, ina saiġdiúirí agus ina gcoṁairleoirí stáit. Ḃí clú orṫu sa Spáinn, san Ostair, sa Prúis agus fiú sa Rúis féin.



7.—Ó lár na 18ú aoise amaċ is ar Americe Ṫuaiḋ a ṫugaḋ forṁór na nGael a imíoḋ ṫar lear a n-aġaiḋ. Troid na mílte díoḃ ar son na saoirse i gCogaḋ Ṡaoirse Americe.



8.—Gaeil dob ea ceaṫrar de na fir a síniġ Forógra na Saoirse agus de ḃunaḋ Gael ceaṫrar eile. Gaiḃ bunaiṫeoirí S.A.A. a mbuíoċas leis na Gaeil mar ġeall ar a gcúnaṁ.



9.—Le linn do Ġaeil a ḃeiṫ ag tuilleaṁ clú agus cáil dóiḃ féin i dtíorṫa i gcéin ḃí a muintir sa ḃaile á gciapaḋ ag na Péin-dliṫe.
"Gan triaṫ acu aċ Dia na
Glóire,
Is a bpríoṁ-ál dá ngríosáil
ṫar bóċna."

# Na Péin-Dliṫe



1.—Ġeall Conraḋ Luimniġe ná cuirfí isteaċ ar an gCreideaṁ. Ní túisce a ḃí "na Géanna Fiáine" imiṫe ná tosnaíoḋ ar a gcirt ṡiḃialta agus a gcirt Ċreidiṁ a ḃaint de na Caitliciġ.



2.—Sa mbliain 1697 fógraíoḋ ar gaċ ball d'ord rialta gur ṡagart é imeaċt as an dtír. Níor ṁór don gcuid eile a n-ainmneaċa a ċlárú. D'fan na sagairt agus na heaspaig fé ḃréagrioċt.



3.—Níor ċeadaiṫe do Ċaitliceaċ talaṁ a ḃeiṫ aige ar léas níos mó ná 39 mbliana. Níor ṁiste do ṫiarna talún Caitliceaċ do ċur as seilḃ gan réaṁ-fógra gan slánú ar biṫ.



4.—Níor ċeadaiṫe do Ċaitliceaċ ḃeiṫ ina ṫeaċta parlaiminte, ná a ġuṫ a ċaiṫeaṁ i dtoġċán ná ḃeiṫ ina ḋlíodóir. Ní glacfaí Caitliceaċ isteaċ san arm ná sa gċaḃlaċ ná sa stát-ṡeirḃís.



5.—Briseaḋ ar forṁór na dtionscal go mór ṁór ar ṫionscail faoi stiúrú na gCaitliceaċ. Níor ċeadaiṫe ḃeiṫíġ ná olann ná éadaí olla d'onnṁuiriú. B'iad san na tionscail ba ṁó sa tír.



6.—Ní raiḃ le fáil ag Caitliciġ aċ poist suaraċa agus d'fág san beo boċt iad. San 18ú aois ḃí slí ḃeaṫa á ḃaint amaċ ag a ḃforṁór ag scláḃaíoċt do na plandóirí.



7.—Níor ċeadaiṫe do Ċaitliciġ scoil a ḃunú ná a ṁúineaḋ ná a gcuid páistí a ċur ar scoil. Aċ ḃí mórán scoileanna scairte ann in ainneoin na dlí.



8.—De ḃeascaḋ na bPéin-Dliṫe ṫosnaiġ na fir óga ar ḋul ar deoraíoċt as gaċ aird den tír. Don ḃFrainc agus don Spáinn agus don Ostair is mó a imíodar.



9.—An ṁuintir sa ḃaile d'éiríodar beo boċt. Ní raiḃ oideaċas le fáil aċ ag beagán acu. Is mó duine orṫu gur préaṁaíoḋ ann nósanna gan ṁaiṫ agus a ċaill an meas air féin is ar a ċine.

# CARRAIG AN AIFRINN



1.—Tráṫnóna geiṁriḋ ṫáinic garsún go Baile an Ṁuilinn agus leaṫ an scéal os íseal go mbeaḋ sagart ag teaċt lá ar na ṁárac ċun an tAifreann a rá sa bpluais ar an gcnoc.



2.—Ar maidin go moċ d'éalaiġ na daoine suas an sliaḃ. Ar aġaiḋ leo faoi scáṫ na gclaíoċa agus is i gcogar a laḃradar le ċéile. Na páistí féin ḃíodar go ciúin.



3.—Istiġ sa bpluais ḃí an éide ar an sagart. Ḃí éadaċ bán leata ar leac a ḃí feistiṫe mar altóir. Ba lag an solas a ċaiṫ an dá ċoinneal ar na daoine agus iad ag dul isteaċ sa bpluais.



4.—Ṫosnaiġ an sagart ar an Aifreann a rá. Laistiar de ḃí na mná agus na fir agus iad ag guiḋe go dúṫraċtaċ, cráifeaċ. Ḃí rian an ċruatain agus an anró ar gaċ éinne.



5.—Lasmuiġ ḃí cuid de na fir óga ag faire na mbóiṫre ar eagla go dtiocfaḋ na Red-coats i gan fios ortu. Go bḟóire Dia ar na Gaeil boċta dá dtiocfaḋ!



6.—Agus an tAifreann ráite laḃair an sagart leis na daoine. Ṁol sé iad as a ndílseaċt agus dúirt leo go raiḃ Dia buíoċ díoḃ as a raiḃ á ḟulang acu ar a ṡon.



7.—Isteaċ le teaċtaire. "Teiṫ, a Aṫair! Táṫar ċugainn!" Dob iad na Red-coats a ḃí feiciṫe ag na fir faire. Ṫug an sagart a ḃeannaċt don bpobal agus as go bráċ le gaċ éinne.



8.—Amaċ leis na daoine agus síos an sliaḃ leo ar na casáin ná raiḃ eolas ortu ag éinne aċ acu féin. Ḃailiġ an sagart ċuige fearais an Aifrinn agus d'imiġ leis.



9.—Tamall ón mbaile casaḋ sean-ḃeidleaḋóir ar na saiġdiúirí. Ċaiṫ duine acu píosa airgid ċuige. B'ṡin mar a ċuaiġ an tAṫair Tomás timpeall ag taḃairt sóláis do na daoine boċta.

# Carraiġ an Aifrinn



1.—Tráṫnóna geiṁriḋ ṫáinig garsún go Baile an Ṁuilinn agus leaṫ an scéal os íseal go mbeaḋ sagart ag teaċt lá ar na ṁáraċ ċun an tAifreann a rá sa bpluais ar an gcnoc.



2.—Ar maidin go moċ d'éalaiġ na daoine suas an sliaḃ. Ar aġaiḋ leo faoi scáṫ na gclaíoċa agus is i gcogar a labradar le ċéile. Na páistí féin ḃíodar go ciúin.



3.—Istiġ sa bpluais ḃí an éide ar an sagart. Ḃí éadaċ bán leata ar leac a ḃí feistiṫe mar altóir. Ba lag an solas a ċaiṫ an dá ċoinneal ar na daoine agus iad ag dul isteaċ sa bpluais.



4.—Ṫosnaiġ an sagart ar an Aifreann a rá. Laistiar de ḃí na mná agus na fir agus iad ag guiḋe go dúṫraċtaċ, cráifeaċ. Ḃí rian an ċruatain agus an anró ar gaċ éinne.



5.—Lasmuiġ ḃí cuid de na fir óga ag faire na mbóiṫre ar eagla go dtiocfaḋ na Red-coats i gan fios orṫu. Go bḟóire Dia ar na Gaeil ḃoċta dá dtiocfaḋ!



6.—Agus an tAifreann ráite laḃair an sagart leis na daoine. Ṁol sé iad as a ndílseaċt agus dúirt leo go raiḃ Dia buíoċ díoḃ as a raiḃ á ḟulang acu ar a ṡon.



7.—Isteaċ le teaċtaire. "Teiṫ, a Aṫair! Táṫar ċugainn!" Dob iad na Red-coats a ḃí feiciṫe ag na fir ḟaire. Ṫug an sagart a ḃeannaċt don bpobal agus as go bráċ le gaċ éinne.



8.—Amaċ leis na daoine agus síos an sliaḃ leo ar na casáin ná raiḃ eolas orṫu ag éinne aċ acu féin. Ḃailiġ an sagart ċuige fearais an Aifrinn agus d'imiġ leis.



9.—Tamall ón mbaile casaḋ sean-ḃeiḋleaḋóir ar na saiġdiúirí. Ċaiṫ duine acu píosa airgid ċuige. B'ṡin mar a ċuaiġ an tAṫair Tomás timpeall ag taḃairt sóláis do na daoine ḃoċta.

# Na hÓglaiġ agus Parlaimint Ġrattan



1.—Parlaimint do Protastúnaiġ dob ea Parlaimint na hÉireann. Ḃí sí faoi smaċt Ṗarlaimint Ṡasana. Laḃair Dean Swift ina ċoinne san. Scríoḃ sé litreaċa, faoin ainm Drapier, i dtaoḃ éagóra áiriṫe.



2. D'éiriġ America amaċ i gcoinne Sasana sa mbliain 1775. Ḃunaíoḋ na Stáit Aontaiṫe faoi ċeannas Washington. Ṫug san misneaċ do ṁuintir na hÉireann agus ṫosnaíodar san, freisin, ag cur i gcoinne Sasana.



3.—Ḃunaíoḋ na hÓglaiġ i mBéal Feirste, sa mbliain 1779, ċun an tír a ċosaint ar ionsaí ón bFrainc. Ḃí na Francaiġ ag taoḃú le hAmerice. Ḃí suas le 80,000 óglaċ ann san i bfad.




4. I ndeireaḋ na bliana 1779 ċruinniġ na hÓglaiġ i mBaile Áṫa Cliaṫ, cártaí ar na gunnaí acu ar a raiḃ breacaiṫe "Saorṫráċtáil nó é seo!" Ċuir san faitíos ar na Sasanaiġ.



5.—Ḃí Comḋáil ag na hÓglaiġ i nDún Geanainn, 1782. Ḋearḃaíodar nár ċeadaiṫe aċ do Ṗarlaimint na hÉireann dliṫe a ḋéanaṁ d'Éirinn. Rinne an Ṗarlaimint i mBaile Áṫa Cliaṫ dlí den rún san.



6.—"Parlaimint Ġrattan" a tugtaí ar an bParlaimint sin. Ní raiḃ sí gan loċt. Ní raiḃ Caitliceaċ ar bit inti. Níor ċeadaiṫe do Ċaitiliceaċ guṫ a ċaiṫeaṁ i dtoġċán. Toġaḋ mórán teaċtaí trí ḃreabanna.



7.—Rinne an Ṗarlaimint obair ḟónta don tír mar sin féin. Ċuidiġ sí go mór le déantúis na hÉireann, le déantúis an línéadaiġ agus an ċadáis, leis an dríogaireaċt, leis an mbríḃéireaċt agus leis an iascaireaċt.



8.—Aċ ḃí na péin-dliṫe i bfeiḋm fós agus ḃí droċḃail ar na gnáṫḋaoine. Ḃí a gcuid tiṫe go dona. Ḃí cíos trom orṫu agus nuair a ṫeipeaḋ ar na daoine é ḋíol cuirtí as seilḃ iad gan trua.



9.—Cuireaḋ cumainn rúnda ar bun ċun na tiarnaí talún do ċosc ar a ḃeiṫ ag dísealḃú na ndaoine. Ḃí "Na Buaċaillí Bána" sa Ṁuṁain agus "The Hearts of Steel" in Ulaiḋ.

# WOLFE TONE



1.—Rugaḋ Tiobóid Wolfe Tone i mBaile Áṫa Cliaṫ sa mbliain 1768. Protastúnaċ dob ea é. D'ḟoġlaim sé an dlí i gColáiste na Tríonóide. Ċuir sé roiṁe saoirse a ḃaint amaċ do Ġaeil.



2.—Sa mbliain 1791 ḃunaiġ sé na hÉireannaiġ Aontaiṫe. Ḃeartaiġ sé muintir uile na hÉireann d'aontú le céile agus a ċeart féin a ḃaint amaċ do gaċ duine pé creideaṁ a ḃeaḋ aige.



3.—Ṫarla Muirṫéaċt na Fraince sa mbliain 1789. Ċuir sí smaoineaṁ i gceann daoine in Éirinn éirí amaċ i gcoinne na Sasanaċ. Sa mbliain 1794 d'imiġ Tone ċun na Fraince ar long caḃraċ.



4.—Ṫug taoisiġ na Fraince an ċaḃair dó. Ṡeol 43 longa agus 15,000 d'ḟir ar bord, agus Tone ortu, amaċ ó Ḃrest faoi ċeannas Hoche sa mbliain 1793. Scaip stoirm an feaċtas.



5.—D'éiriġ na Gaeil amaċ sa mbliain 1798. Ṫáinic arm Francaċ i dtír i gCill Alaiḋ i Muiġeo. Ṫeiṫ na Sasanaiġ rompu ó Ċaisleán an Ḃarraiġ. Tugtar ar an eaċtra, "Rásaí Ċaisleán an Ḃarraiġ."



6.—Ṫáinic arm eile Francaċ agus Tone leo go Loċ Súiliġe. D'ionsaiġ cablaċ Sasanaċ iad. Sé huair an ċloig a ṁair an troid. Ġéill na Francaiġ agus gaḃaḋ Tone.



7.—Daoraḋ Wolfe Tone ċun a ċroċta i mBaile Áṫa Cliaṫ. B'ḟearr leis go lámḟaí é aċ diúltaíoḋ san dó. Dúirt na Sasanaiġ gur ṁaraiġ sé é féin. I mBaile Buaḋáin tá sé curṫa.



8.—Dob é Wolfe Tone an céad Éireannaċ a ṁol an ceangal le Sasana a ḃriseaḋ. Gaċ iarraċt a rinneaḋ ar son saoirse na tíre ó ṡin ba ġríosaḋ dí teagasc agus treoir Wolfe Tone.



9.—Luaitear Wolfe Tone le Pádraig Sáirséal, le Riobárd Emmet, le Pádraig Mac Piarais agus le laoċra eile go ḃfuil báiḋ fé leiṫ ag na Gaeil leo. Téann oiliṫreaċt ċun a uaġa gaċ bliain.

# Éirí Amaċ 1798



1.—Sa mbliain 1797 ceadaíoḋ do ṡaiġdiúirí Ṡasana ár agus cos-ar-bolg d'imirt ar na Gaeil. Daoine go raiḃ baint acu leis na hÉireannaiġ Aontaiṫe, léasaḋ iad, leaṫċroċaḋ iad, himríoḋ an ċaiḋp ṗice orṫu.



2.—Socraíoḋ ar éirí amaċ 24ú de Ḃealtaine, 1798. Ḃí spiairí ann agus gaḃaḋ for mór na gceannfort roiṁ an sprioclá. Goineaḋ an Tiarna Éamonn Mac Gearailt agus fuair sé bás dá ċréaċta.



3.—Dá ḃarr san uile níor éiriġ na daoine amaċ aċ i mBaile Áṫa Cliaṫ agus sna contaeṫe timpeall air, i Loċ Garman agus in Ulaiḋ. Aċ ba ġearr gur buaḋ orṫu.



4.—Mí ina ḋiaiḋ san rinne Éinrí Seó Mac Reaċtain iarraċt ar Ḃaile Aontroma do ġaḃáil. Teip air. Gaḃaḋ Mac Reaċtain agus croċaḋ é an 17ú d'Iúl, 1798.



5.—I gCo. an Dúin d'éiriġ le hÉinrí Munró ar feaḋ tamaill. Buaḋ air sa deireaḋ agus croċaḋ é ag doras a ṫí féin i Lios na gCearrḃaċ. B'sin deireaḋ leis an éirí amaċ in Ulaiḋ.



6.—I gCo. Loċ Garman rinne an North Cork Militia ár ar na daoine. Ḋódar an séipéal i mBuaile Ṁaoḋóg. Ċuaiġ an tAṫair Seán Ó Murċaḋa i gceannas na ḃfear agus b'sin an tosnú.



7.—Cúig míle fear a ḃí aige. Ḃuadar ar an arm gallda ag Cnoc an Ulloird agus ġaḃadar Inis Córṫaiḋ agus Guaire. Ar Ċnoc Fíoḋ na gCaor a ḃí a gcampa.



8.—Ġaiḃ na Gaeil Ros Ṁic Treoin agus ċaill arís é. Tóg an Ginearál Lake Fíoḋ na gCaor. Croċaḋ an tAṫair Seán, an tAṫair Pilib de Róiste, Bagenal Harvey agus a lán eile.



9.—Ba ġairid a ṁair Éirí Amaċ '98 aċ beiḋ cuiṁne go deo ag Gaeil air. Troid na daoine go calma agus iad gan airm gan tréineáil. Is mó aṁrán a cantar ar an Éirí Amaċ.

# An tAontú, 1800



1.—Tar éis Éirí Amaċ '98, ḃeartaiġ Pitt, príoṁ aire Ṗarlaimint Ṡasana, ar ḋeireaḋ a ċur le Parlaimint na hÉireann agus an dá tír a aontú faoi Ṗarlaimint Ṡasana.



2.—Ní raiḃ aon ḃaint ag Parlaimint na hÉireann leis an Éirí Amaċ. Is amlaiḋ ná raiḃ na teaċtaí ná an aicme gur ḋí iad fábaraċ ḋó in aon ċor.



3.—Ḃí eagla ar luċt Ṗarlaiminte Ṡasana go m'ḃféidir go ḃfaiġeaḋ na Caitliciġ ceannas uair éigin ar Ṗarlaimint na hÉireann agus níor ṫeastaiġ san uaṫu.



4.—Ar an Tiarna Castlereagh agus ar an Marcuis Cornḃallis, an fear ionaid, a cuireaḋ cúram an Aontaiṫe in Éirinn. Beirt dob ea iad a ḃí oiriúnaċ don obair!




5.—Ní raiḃ Caitliceaċ ar biṫ i bParlaimint na hÉireann. Ṁeall Castlereagh agus Cornḃallis formór na dteaċtaí le breabanna, le caimiléireaċt, le geallúna nár coṁlíonaḋ.




6.—Bronnaḋ teidil, pinsiúin, postanna ar na teaċtaí úd a ḃí toilteanaċ saoirse a dtíre a ḋíol. Caiṫ Castlereagh agus Cornḃallis breis is £1,500,000 le breabanna.



7.—An beagán daoine ná beaḋ aon ḃaint acu leis an droċ-obair a ḃí ar siúl agus ná glacfaḋ breab ná teideal, briseaḋ iad as aon post do ḃí acu faoin rialtas.



8.—I mí an Ṁeiṫiṁ 1800 riṫeaḋ Aċt an Aontaiṫe i bParlaimint na hÉireann in ainneoin iarraċta Énrí Grattan, a laḃair go tréan láidir i gcoinne an stríocta.



9.—Sa tslí sin do baineaḋ a Parlaimint féin d'Éirinn agus cuireaḋ faoi ċeannas Parlaimint iasaċta í. Agus ba ṁar sin a ḃí an scéal go dtí 1919 nuair a ḃunaiġ na Gaeil Dáil Éireann.

# Riobard Emmet



1.—Ḃí Emmet ró-óg ċun beiṫ páirteaċ in Éirí Amaċ '98. Nuair teip ar an iarraċt san ḃeartaiġ sé roinnt blian ina ḋiaiḋ ar éirí amaċ eile do ċur ar siúl.



2.—Loirg sé caḃair ar Napoleon sa mbliain 1800. D'ḟág a aṫair agus é ag fáil ḃáis, a lán airgid ag Riobard. Ċaiṫ Riobard an t-airgead ar ġunnaí agus lón cogaiḋ.



3.—Ḃeartaiġ sé ar Ċaisleán Áṫ Cliaṫ do ġaḃáil. Ansan d'éireoḋ Éire uile amaċ. Ḃí Maolmuire Ó Broin i gceannas i Loċ Garman, Míceál Ó Duiḃir i gCill Ṁantáin, Jemmy Hope in Aontroim.



4.—Ḃí stóir ṁóra de lón cogaiḋ ag Emmet i mBaile Áta Cliaṫ. Trí tionóisc pléascaḋ ceann aca. Láiṫreaċ ḃí an Rialtas ar a n-aire. Ḃeartaiġ Emmet ar éirí amaċ gan ṁoill.



5.—Tráṫnóna an 23ú d'Iúl, 1803, ṫug sé féin agus 100 fear aġaiḋ ar Ċaisleán Áṫ Cliaṫ. Ġlaoiġ Emmet ar na daoine caḃrú leis, ar na daoine a lean é ḃí ġramaisc sráide.



6.—Casaḋ cóiste orṫu ina raiḃ an Tiarna Gilwarden agus a nia. Ṁaraiġ an ġramaisc iad. Ruaig na saiġdiúirí gallda luċt leanúna Emmet. Ċuaiġ Emmet go Ráṫ Ḟearnáin ar a ċoimeád.



7.—Ċuardaiġ na saiġdiúirí gallda teaċ Emmet. Ḃagradar an ċroċ ar an seirḃíseaċ, Áine Ní Ḋoiḃilín, muna gcuirfeaḋ sí ar an eolas iad. Ní scéiṫfeaḋ sí ar Emmet in ainneoin ciapaḋ na saiġdiúirí.



8.—Mar ġeall ar é beiṫ i ngrá le bean óg, Sorċa Ní Ċurráin, d'ḟan sé coṁgaraċ do Ḃaile Áta Cliaṫ. Ar an 24ú de Lúnasa gaḃaḋ é agus daoraḋ ċun a ċroċta é.



9.—Rinne Emmet óráid iontaċ sa ċúirt. "Nuair a ġlacann mo tír dúċais a háit i measc naisiún an doṁain, ansan, agus ansan aṁáin, scríoḃtar m'feartlaoi." Níor scríoḃaḋ fós í.

# Éamonn Iognáid Rís



1.—Rugaḋ Éamonn Rís, bunaiteoir na mBráiṫreaċa Críostúla, i gCalainn, Co. Ċill Ċoinniġ, sa mbliain 1762. Fuair sé bás i bPortláirge sa mbliain 1844 agus é 82 ḃliain d'aois.



2.—Agus é seaċt mbliana déag d'aois ċuaiġ sé mar ṗrintíseaċ ċuig uncal dó, ceannaí ag a raiḃ gnó mór i bPortláirge. Ċruṫaiġ Éamonn go han-ṁaiṫ ċun gnóṫa. D'ḟág a uncal a ċuid saiḃris ag Éamonn.



3.—Leis na céadta bliain ḃí buaċaillí boċta na hÉireann ag fás suas gan léann gan ḟoġlaim. Ṫuig gaċ éinne a ġránnaċt a ḃí an scéal. Ní rinne éinne faic go dtí gur ṫug Éamonn Rís faoin obair.




4.—Ṫóg sé scoileanna i bPortláirge. Ba ġearr go raiḃ 400 buaċaillí iontu. Múintí Teagasc Críostaí, paidreaċa, léiṫeoireaċt, scríḃneoireaċt agus áireaṁ iontu. Ġríosaiġ dea-ṡampla an Rísiġ triúr beannaiṫe eile agus ċuadar ċun caḃraiṫe leis.



5.—Is mar sin a bunaíoḋ Ord na mBráiṫreaċa Críostúla. Ċuir an Pápa a ḃeannaċt ċuig an Ord sa mbliain 1809 an uair a ṫug Éamonn Rís agus oċtar compánaċ a móide i láṫair Easpag Portláirge.



6.—Laistiġ de ṫríoċa bliain ṫáinig oiread san deisceabal ċuige go raiḃ sé i ndon scoileanna do ḃunú i bpríoṁ-ċaṫaraċa na hÉireann agus na Sasana. 9,000 scoláire lae a ḃí iontu agus 2,000 scoláire oíċe.



7.—Ċaiṫ sé deireaḋ a ṡaoil i bPortláirge. Mar ċuiṁne ar ḋíoġrais agus ar ḃeannaiṫeaċt a ḃeaṫa ṫóg caṫaireánaiġ Portláirge séipéal ina onóir. Is in aragal speisialta i gCnoc Sion, Portláirge, atá a ṫaisí.



8.—Tar éis a ḃáis leaṫ Ord na mBráiṫreaċa Críostúla tríd an doṁan mór. Ar na daltaí a ḟreastail Scoileanna na mBráiṫreaċa tá mórán ardeaspag, easpag agus sagart; agus, gan daoine eile a áireaṁ, gaċ aon taoiseaċ ar Éirinn ó 1916 i leiṫ: Pádraig Mac Piarais, Éamonn de Valéra, Art Ó Gríofa, Liam T. Mac Oscair, Seán Ó Coisdealbaiġ.

# Fuascailt na gCaitliceach



1.—Rugaḋ Domhnall Ó Conaill i gContae Ċiarraiġe sa mbliain 1775. Fuair sé a ċuid oiliúna i gcoláistí Sain Omar agus Douai. Rinne dlíodóir de.



2.—Ón mbliain 1810 i leiṫ ḃunaiġ sé agus d'eagraiġ sé craoḃaċa den Ċumann Caitliceaċ, cumann a bunaíoḋ d'fonn na Péin-Dliṫe do ċur ar neamhní.




3.—D'fás an Cumann Caitliceaċ ċóṁ mór san go raiḃ eagla ar an Rialtas roiṁe. Ċuir siad deireaḋ leis. Aċ ḃunaiġ Ó Conaill an tarna cumann agus an tríú ceann.



4.—Ċaḃraiġ na sagairt le Domhnall Ó Conaill. Ḃailíti airgead ag geataí na séipéal Domhnaċ amháin sa mí ċun caḃraiṫe leis an gCumann Caitliceaċ.



5.—Ċuir an Conallaċ cruinniṫe ollmóra ar siúl ar fuaid na tíre agus spreag sé na daoine ċun a iarraiḋ ar an Rialtas na Péin-Dliṫe do ċur ar ceal.



6.—Sna cúirteanna dlí do ċosain sé na daoine. Ḃí eolas an-ḋoimhin ar an dlí aige agus ḃí cumas iontaċ óráidíoċta aige.



7.—Sa mbliain 1828 ċuaiġ Domhnall Ó Conaill ar aġaiḋ ċun ḃeiṫ ina ṫeaċta parlaiminte do Ċo. an Ċláir. Ḃuaiġ sé. Ḃé an ċéad Ċaitliceaċ sa bParlaimint é.



8.—Ḃí ar ṫeaċtaí parlaiminte móid a taḃairt á rá nárḃ é an Pápa ceann na hEaglaise agus gur gníoṁ íolaċta an tAifreann. Ní taḃarfaḋ an Conallaċ an móid. Ṡiúil sé as an bParlaimint.



9.—Ċuir sé scanraḋ ar luċt na Parlaiminte. Sa mbliain 1829 riṫ an Príoṁ-aire, Diúic Wellington, aċt a ċeadaiġ do Ċaitliciġ ḃeiṫ ina dteaċtaí Parlaiminte.

# Aṫġairm Aċt an Aontaiṫe



1.—D'éiriġ le Doṁnall Ó Conaill Caitliciġ na hÉireann d'ḟuascailt gan fuil a ḋortaḋ. Ḃeartaiġ sé ar Aċt an Aontaiṫe d'aṫġairm sa tslí síoċánta ċéanna!



2.—Tionólaḋ cruinniṫe oll-ṁóra in áiteanna éagsúla sa tír. Deirtear go raiḃ 250,000 daoine ag an gcruinniú i dTeaṁair na Rí.



3.—Sa mbliain 1843 stop an Rialtas cruinniú a ḃí le tionólaḋ i gCluain Tarḃ. Ġéill Ó Conaill don Rialtas agus d'ḟág roinnt dá luċt leanúna é dá ḃarr san.



4.—Sa mbliain 1847 ḃí an tsláinte ag teip ar Ḋoṁnall Ó Conaill. D'imiġ sé ar ṫuras go dtí an Róiṁ aċ fuair sé bás i nGenoa, 15ú Ḃealtaine, 1847.



5.—Ar na daoine a ċaḃraiġ le Doṁnall Ó Conaill ḃí Tomás Dáiḃis, Caṫal Gaḃánaċ Ó Duḃṫaiġ, Seán Diolún, Tomás Ó Meaċair, Seán Mistéal, Liam Mac Gaḃann Ó Ḃriain.



6.—Ṁeas siad san go raiḃ Ó Conaill ró-eaglaċ, ró-uṁal don dlí agus don Rialtas, agus ḃunaiġ siad gluaiseaċt eile, Éire Óg.



7.—Ḃunaíoḋ nuaċtán, An Náisiún. B'é Tomás Dáiḃis an ċéad eagarṫóir air. Cló-ḃuailtí aṁráin tírġráḋa, stair, agus ailt eile ċun na ndaoine a spreagaḋ.




8.—Ḃeartaiġ cuid de luċt Éire Óg éirí amaċ sa mbliain 1848. Aċ ḃí na daoine lag ón nGorta, ní raiḃ airm acu, agus ṫeip glan ar an éirí amaċ.



9.—Ḃí troid leis na póilíní i mBaile an Ġarrḋa. Gaḃaḋ Mistéal, Ó Briain agus Meaċair. Triaileaḋ iad agus cuireaḋ an loċ amaċ iad go dtí Tír Ḃán Diemen (An Tasmáin).

# An Gorta Mór



1.—Sa mbliain 1845 ḃí daonra 8,500,000 in Éirinn. Ḃí barraí breáṫa cruiṫneaċtan agus coirce agus eornan sa tír agus beaṫaiṫí mórán stoic.



2.—Níorḃ acmainn dá lán daoine, áfaċ, arán ná feoil do ḃeiṫ acu. Ḃí orṫu na barraí agus an stoc a ḋíol ċun an cíos a ḋéanaṁ do na tiarnaí talún.




3. Dob iad na prátaí an príoṁ-ḃeaṫa a ḃí ag na daoine boċta agus ḃí "Conċubar mór sa ċúinne," .i. an t-ocras, ina lán tiṫe.



4.—Sa mbliain 1846 ṫáinic an duḃ ar na prátaí. D'ḟág san na daoine gan ḃia. An ḃliain dár gcionn ḃí an duḃ níos measa agus ḃí an gorta ann.




5.—Leaṫ an fiaḃras agus galair eile i measc na ndaoine. Fuair na mílte bás den ḃfiaḃras. Cuirtí iad gan ċoṁra gan eisléine.



6.—D'imiġ na mílte eile ṫar lear i longa polcaiṫe guagaċa. Fuair a lán lán acu san bás sna "coṁra-longa" sar ar baineaḋ Americe amaċ.



7.—Sna blianta uafásaċa san, 1846 agus 1847, ḃí oiread bíḋ ag fás in Éirinn agus a ċoṫóḋ 12 milliún daoine aċ cuirtí ṫar lear é.



8.—Go dtí an lá atá inniu ann tá ḋá iarsma ṁóra den nGorta ar an dtír. Sé ċéad ċeann acu san an imirce. Tá daoine óga ag imeaċt fós.




9.—Sé an dara ceann ná é seo. Ċun go dtuillfidís a mbeaṫa i Sasana nó in Ameirce d'éiriġ na daoine as an nGaeilge a laḃairt.

# Na Fíníní



1.—Bunaíoḋ na Fíníní sa Sciobairín sa mbliain 1856. Ḃí Seán Ó Maṫġaṁna tar éis cumann den tsort céanna do ḃunú in Americe sa mbliain 1855. hAontaíoḋ an dá ċumann in aon ċumann aṁáin.



2.—Ṫug baill an Ċumainn móid go mbeidís dílis do ċuspóir an Ċumainn. Dob é cuspóir é poblaċt a ḋéanaṁ d'Éirinn trí ċogaḋ a ċur ar Rialtas Ṡasana in Éirinn.



3.—Seaċas Séamas Mac Stiofáin ḃí na daoine seo, freisin, go hard i measc na bFíníní: Diarmaid Ó Donnaḃáin Rosa, Seán Ó Laoġaire, Seán Ó Duḃuiḋe, Caṫal Ciceam agus Tomás C. Ó Lúbaiġ.



4.—Fuair spiairí na Sasanaċ amaċ go raiḃ éirí amaċ beartaiṫe ag na Fíníní agus, sa mbliain 1865, gaḃaḋ Seán Ó Laoġaire, Tomás Ó Lúbaiġ agus Diarmaid Ó Donnaḃáin Rosa.



5.—I mí an Meiṫiṁ, 1866, d'imiġ Fíníní Americe isteaċ i gCanada ag ionsaí fórsaí na Sasanaċ. Ba ṁó a misneaċ ná an t-ullṁúċán a rinneadar agus ba ġearr nó gur buaḋ orṫu.




6.—Sa mbliain 1867 ġaiḃ timpeall 800 Fínín ó ḋúṫaiġ Ċaṫair Saiḋḃín roinnt stáisiún ó na gardaí cósta. D'éiríodar as an dtroid nuair a ċualadar nár éiriġ amaċ d'Ḟíníní sa tír aċ iad féin.



7.—Ḃí troid ġairid i dTamlaċt idir Fíníní Áṫ Cliaṫ agus na póilíní. Teip ar éirí amaċ na bFíníní tríd an dtír mar ḃí easpa ṫaoiseaċ míleata orṫu.



8.—I Manċuin Ṡasana d'ionsaiġ scata Fíníní an príosún-ċóiste agus scaoileadar saor beirt dá gcomrádaiṫe. Pléascadar glas an ċóiste ċuige sin agus, trí ċinniúint, maraíoḋ póilín.



9.—Gaḃaḋ triúr Éireannaċ óg mar ġeall air sin—Ó hAlṁain, Ó Lorcáin agus Ó Briain. Triaileaḋ iad agus croċaḋ iad. "Mairtíriġ Manċuin" a tugtar orṫu ó ṡin i leiṫ.

# Parnell



1.—Sa mbliain 1846 rugaḋ Caṫal Stíoḃard Parnell i gCo. Ċill Ṁantáin. Protastúnaċ dob ea é. Ḃí a sinsir dílis d'Éirinn riaṁ. Duine ciúin ceanndána dob ea é. Agus é óg ḃí sé leicṫe.



2.—Sa mbliain 1877 toġaḋ é ina Ṫeaċta Parlaiminte do Ċo. na Miḋe. Tá sé ráite gur ġríosaiġ bás Mairtíreaċ Ṁanċuin é ċun an-suim a ċur i ngaċ ní dár ḃain le hÉirinn.



3.—Toġaḋ é ina ċeannaire ar Ṗáirtí na hÉireann. Ċuir sé roiṁe Féin-Rialú d'fáil d'Éirinn agus "Ceist na Talún" do réiteaċ. Ċuir Parnell agus a Ṗáirtí isteaċ go mór ar obair Ṗarlaiminte Ṡasana.



4.—Ḃí droċ-ḃail ċeart ar feirmeoirí na hÉireann san am san. Idir 1846 agus 1882 cuireaḋ 500,000 feirmeoir as seilḃ. Ḃunaiġ Parnell Conraḋ na Talún ċun caḃrú leis na feirmeoirí.



5.—Sa mbliain 1880 ḃailiġ sé 200,000 dolaer in Americe ċun caḃrú leis na tionóntaí a cuireaḋ as seilḃ agus leis an dtroid ar son Féin-Rialú do ḃaint amaċ don tír.



6.—Ḃí meas an doṁain ag na Gaeil ar Ṗarnell. D'foilsiġ Times Londain sraiṫ alt a ṫaispeánfaḋ gurḃ é Parnell a spreag daoine ċun Cavendssh agus de Ḃúrca a ṁarú.



7.—Ċuir Rialtas Ṡasana coimisiún ar bun. Fuarṫas amaċ gur scéal bréagaċ ar fad a ḃí curṫa ag an Times i leiṫ Parnell, scéal a scríoḃ fear de ṁuintir Ṗiogóid.



8.—Tamall ina ḋiaiḋ san cuireaḋ cúis dlí ar bun ina raiḃ fear ag iarraiḋ bille scaoilte d'fáil óna ḃean. Ḃí baint ag Parnell leis an scéal agus ṫarla easaontas idir a luċt leanúna.



9.—In ainneoin mórán de na Gaeil a ḃeiṫ iompaiṫe ina ċoinne ċomáin sé leis ag iarraiḋ Féin-Rialú a ḃaint amaċ don tír. Ḃuaileaḋ breoite sa deireaḋ é agus d'éag sé sa mbliain 1891.

# Cogaḋ na Talún



1.—I Sráid i gCo. Ṁuiġeo a rugaḋ Míċeál Daiḃéad sa mbliain 1846. Nuair a ḃí sé 7 mbliana d'aois cuireaḋ an teaġlaċ uile as seilḃ agus leagaḋ an teaċ.



2.—Ṫugadar aġaiḋ ar Ṡasana agus b'éigean do Ṁíċeál dul ag obair i muileann i Lancashire. Ṫarla tionóisc dó lá ann agus ċaill sé leaṫ-láṁ.



3.—D'fill sé ar Éirinn agus é ina fear. Ḃunaiġ sé " Cumann na Talún." Ṁol sé do na feirmeoirí greim docṫ daingean a ċoimeád ar a dtailte.



4.—Aon tiarna talún go raiḃ duḃ-ċíos á éileaṁ aige, rinneaḋ boycott air. Ní ḋéanaḋ éinne caidreaṁ leis aċ fágtaí ina aonar é aṁail is dá mba loḃar é.



5.—Sa mbliain 1881 ṁol Gladstone bille i bParlaimint Ṡasana a ṫug faoiseaṁ beag do ṫionóntaí na hÉireann. Ḃunaíoḋ cúirteanna ċun cíosa coṫroma do ṡocrú.




6.—Ní raiḃ luċt " Cumann na Talún " sásta mar ná dearnaḋ sealḃóirí talún de na tionóntaí. Cuireaḋ fógraí amaċ á ṁolaḋ do na daoine gan cíos a ḋíol.



7.—Rinne Parnell socrú le Gladstone ag Cill Ṁaiġneann. Ġeall sé go ndíolfaḋ na daoine an cíos dá saorfaí na daoine a ḃí i bpríosún. Rinneaḋ amlaiḋ.



8.—Aċ ḃí na tionóntaí dá gcreaċaḋ le duḃ-ċíosa an t-am go léir. Sa mbliain 1886 glacaḋ leis an " Plan of Campaign " agus ḃí clampar agus marú idir ṫiarnaí agus tionóntaí.



9.—Diaiḋ ar ndiaiḋ ṫáinic feaḃas ar scéal na talún. I láṫair na huaire is le formór na bfeirmeoirí an talaṁ a oiḃrionn siad.

# An Aṫḃeoċaint Náisiúnta




1.—Ḃí Seán Mac Réamoinn ina ṫreoraí ar ṫeaċtaí na hÉireann i bParlaimint Sasana tar éis aimsir Parnell. Lagaiġ ar an spiorad náisiúnta i measc na dteaċtaí. Ḃí Gaeil ann a ḃí an-ṁíṡásta leo.



2.—Sa mbliain 1894 tosnaíoḋ ar Ċóras an Ċoṁair ċun caḃrú le eacnamaíoċt oiriúnaċ in Éirinn. Is ansan a tosnaíoḋ ar uaċtarlanna a ḃunú tríd an dtír.



3.—Ḃí spiorad nua ag borraḋ sna daoine. "Ár gcluiċí féin againn!" adúradar, "ár dteanga féin, ár náisiún féin!" Ḃí Cumann Lúṫċleas Gael bunaiṫe ó 1884 agus sa mbliain 1893 bunaíoḋ Conraḋ na Gaeilge.



4.—Ḃunaiġ Art Ó Gríofa Sinn Féin i mBaile Áṫa Cliaṫ sa mbliain 1905. Sé dúnġaois a ḃí ag Sinn Féin, muintir na hÉireann do stiúrú a náisiúin féin ar ṁaiṫe leo féin.



5.—Fear óg go raiḃ baint aige le gaċ ní Gaelaċ san am san dob ea Pádraig Mac Piarais. Ċuir sé roiṁe a ḋíċeall a ḋéanaṁ ċun Éire a ṡaoraḋ agus a ġaelú.





6.—Ḃí cumann ann, freisin, ar ar tugaḋ Bráiṫreaċas Poblaċt na hÉireann. Sé a ḃí beartaiṫe ag na baill an ceangal le Sasana a ḃriseaḋ dá gcaiṫfidís éirí amaċ féin ċuige sin.



7.—Sa mbliain 1912 ḃí tuairim ann go dtaḃarfaí Home Rule d'Éirinn. Ḃí na hOráistiġ ar buile. Ḃunaíodar "Óglaiġ Ulaḋ" faoi Edward Carson ċun cur i gcoinne Home Rule fuaireadar gunnaí on nGearmáin.



8.—Seo seans do náisiúnaiġ na hÉireann, ní féadfaḋ Rialtas Ṡasana iad do ċosc agus san am céanna gan na hOráistiġ do ċosc. Sa Rotunda, Áṫ Cliaṫ, Samain, 1918 bunaíoḋ Óglaiġ na hÉireann.



9.—I mí Lúnasa, 1914, ḃris an Cogaḋ Mór amaċ. Ḋúirt an Réamonnaċ gurḃ é dualgas na nÓglaċ liostáil in arm Ṡasana. Ḋein mórán rud air. Éirí amaċ sea ḃí roiṁ an gcuid eile, feasta.

# Pádraig Mac Piarais



1.—Rugaḋ Pádraig Mac Piarais i mBaile Áṫa Cliaṫ sa mbliain 1879 sa tsráid ar a dtugtar Sráid an Ṗiarsaiġ faoi láṫair. Sasanaċ agus dealḃadóir cloiċe a aṫair agus as Co. na Miḋe do ṁuintir a ṁáṫar.



2.—Ċuaiġ sé ar scoil ċuig na Bráiṫreaċa Críostúla i Sraiṫ an Iarṫair agus d'ḟreastail sé ar an Oll-scoil Ríoga, freisin. Scoláire cliste, dúṫraċtaċ dob ea é. Ó ḃí sé ḋá ḃliain déag d'aois ċuir sé suim sa nGaeilge.



3.—Téaḋ sé go Rosmuc, Conamara, gaċ samhraḋ ċun snas a ċur ar a ċuid Gaeilge. Ḃí baint aige le Conraḋ na Gaeilge ó ḃí sé ina ḟear óg agus rinneaḋ eagarṫóir de ar "An Claíoṁ Solais," seaċtaineán an Ċonarṫa.



4.—Scríḃneoir cumasaċ próis agus filíoċta dob ea é, i nGaeilge agus i mBéarla. Ḃí an-ċion aige ar ṗáistí agus mórṁeas aige ar uaisleaċt ḃan Ċonamara, mar is léir óna ṡaoṫar.



5.—Ċuir sé spéis ṁór i gcúrsaí oideaċais agus ṫuig sé táḃaċt na Gaeilge in oiliúint an aosa óig. B'ṡin faoi ndear dó Scoil Éanna a ḃunú sa mbliain 1908 agus fanúint ina ard-ṁáistir uirṫi go dtí deireaḋ a ṡaoil.



6.—Ón uair a éiriġ sé as eagarṫóireaċt páipéar an Ċonarṫa sa mbliain 1908 ṁéadaiġ ar a ṡuim i gcúrsaí polaitíoċta. Ina ḋiaiḋ san ḃí an-ḃaint aige leis na hÓglaiġ ón am a bunaíoḋ iad i 1913.



7.—Lúnasa, 1914, tamaillín tar éis do Ċogaḋ Doṁanda I a ḃriseaḋ amaċ ḃeartaiġ Ard-Ċoṁairle Ḃráiṫreaċas Ṗoblaċt na hÉireann, ara raiḃ an Piarsaċ, ar éirí amaċ go luaṫ. Tuigeaḋ don bPiarsaċ go raiḃ gá le hí-ḃirt ḟola d'ḟonn "anam na tíre a ṡlánú."



8.—Luan Cásca, 1916 cuireaḋ tús leis an Éirí Amaċ nuair a gaḃaḋ Ard-Oifig an Ṗoist. Dob é an Piarsaċ a ḃí ina uaċtarán ar an Rialtas Sealadaċ agus a léiġ Forógra na Saoirse. Ag deireaḋ na seaċtaine tugaḋ an t-ordú géillte faoi ainm an Ṗiarsaiġ.




9.—Príosúnaíoḋ, triaileaḋ agus daoraḋ ċun ḃáis an Piarsaċ. Ḃealtaine, an 3ú lá, a láṁaḋ é. Sé laoċ na laoċra i measc Gael ó ṡin é. Sé a ṫeagasc soiscéal náisiúnta na nGael go deo: Éire saor, Éire Gaelaċ.

# Éirí Amaċ, 1916



1.—Sa mbliain 1916 ḃeartaiġ taoisiġ na nÓglaċ ar éirí amaċ láiṫreaċ i gcoinne Sasana. Ḃí an Cogaḋ Mór ar siúl fós. Cuireaḋ Ruairí Mac Easmainn ċun na Gearmáine ar long caḃraċ.




2.—Cuireaḋ long, an Aud, ón nGearmáin go hÉirinn le hairm agus lón cogaiḋ. Ġaiḃ na Sasanaiġ í. Ċuir an Captaen Spindler go tóin poill í. Gaḃaḋ Mac Easmainn ina ḋiaiḋ san, i gCiarraiġe.



3.—Ṁeas cuid de na hÓglaiġ gur fearr gan éirí amaċ. Ċuir Eoin Mac Néill fógra ar an Sunday Independent á ċur san in iúl. Ḃeartaiġ cuid eile de na taoisiġ ar éirí.



4.—Maidin Luan Cásca, 1916, ġaiḃ buíonta beaga óglaċ Ard-Oifig an Ṗoist agus áiteanna eile in Áṫ Cliaṫ. hArdaíoḋ an ḃrat Trí Daṫ agus léiġ Ṗádraig Mac Ṗiarais go poiblí forógra na Ṗoblaċta.



5.—Ċoisc fógra Eoin Ṁic Néill óglaiġ na tíre ar éirí. D'ionsaiġ saiġdiúirí Ṡasana óglaiġ Áṫ Cliaṫ. Ḋíríodar gunnaí móra ar lár na caṫraċ. Cé gur ṫroid na Gaeil go calma ḃí orṫu géilleaḋ.



6.—D'ḟonn Áṫ Cliaṫ agus a muintir a ṡáḃáil ġéill an Piarsaċ tar éis sé lá troda. Triaileaḋ na taoisiġ uile agus láṁaḋ 15 acu. Gearraḋ téarmaí fada príosúntaċta ar na mílte eile.



7.—Na Gaeil nár aontaiġ le luċt an Éirí Amaċ d'iompaiġ obair Sir John Maxwell iad. Ṁisniġ caint an Easpaig Ó Duiḃir na daoine. I 1917 scaoileaḋ na príosúnaiġ saor. Fearaḋ na mílte fáilte rompu.




8.—Sa mbliain 1918 ṫeastaiġ ó Ṗarlaimint Ṡasana liostáil éigeantaċ a ċur ar na Gaeil. Ṁóidiġ na fir ná liostálfaidís. Ṁéadaiġ go mór ar arm na nÓglaċ. Taoḃaiġ na hEaspaig go hiomlán leis na daoine.



9.—"Sinn Féin" a tugtaí san am san ar ġluaiseaċt na Saoirse. Dob é Éamonn de Valéra an t-uaċtarán uirṫi. Ċruṫaiġ mór-ṫoġċán 1918 go raiḃ formór mór na hÉireann uile le Sinn Féin.

# Cogaḋ na nDuḃċrónaċ



1.—Mí Eanáir, 1919, bunaíoḋ Dáil Éireann. Ḃ'ṡin fógra do na Sasanaiġ ḃailiú leo. Ḃ'ṡin é an ċéad uair riaṁ go raiḃ parlaimint ann do ṁuintir na hÉireann uile. Tugaḋ Teaċtaí Dála ar na coṁaltaí.



2.—Ṡeas na daoine agus na coṁairlí poiblí dílis don Dáil. D'fógair Rialtas Ṡasana go raiḃ an Dáil neaṁḋleaṫaċ agus Cumann Lúṫċleas Gael agus Conraḋ na Gaeilge. Ċuaiġ na Sasanaiġ ar ṫóir na gcinnirí arís.



3.—Ċuir Arm Poblaċt na hÉireann go tréan i gcoinne an ionsaiṫe sin. Ṫreoraiġ Míċeál Ó Coileáin agus Caṫal Bruġa Óglaiġ na hÉireann agus ċaḃraiġ na gnáṫḋaoine leo.




4.—Sa tSaṁraḋ 1920 ċuir Lloyd George príoṁ-aire Ṡasana, fórsa cúnta go hÉirinn. Ṫug na Gaeil Duḃċrónaiġ orṫu. Ḃí go leor laraiṫe, gluaisteán armṫa agus inneall-ġunnaí acu. Gramaisc ḃo-smaċtaiṫe dob ea iad.



5.—Rinne fórsaí Ṡasana, agus go mór ṁór na Duḃċrónaiġ, mórán beart gránna san am san. Ḋóidís tiṫe, stracaidís daoine as a leaba istoíċe, sciúirsídís iad. Láṁaidís daoine, fiú na sagairt féin.



6.—Is beag ball sa tír ná dearnadar ár ann, go mór ṁór áit ina ndéantaí luíoċán fúṫu. Rinneadar scrios gan áireaṁ i mBaile Ḃrigín, i gCorcaiġ. agus i bPáirc an Ċrócaiġ in Áṫ Cliaṫ.



7.—Ar feaḋ ḋá ḃlian lean an troid is an cogaḋ i gcoinne fórsaí Ṡasana. Ṫugaḋ buíonta d'Arm na Poblaċta fúṫu gaċ uair a ġeiḃidís caoi air. Is mó gníoṁ laoċais a rinneaḋ.



8.—Ṡeas na Gaeil an fód ċoṁ cróga san go raiḃ meas orṫu fiú lasmuiġ d'Éirinn. Ḃí an oiread céanna droċṁeasa ar na Sasanaiġ. Tarraing Lloyd George sos coṁraic don 11ú Iúl, 1921.




9.—I mí Eanáir, 1922 ġlac breis ḃeag agus leaṫ na dTeaċtaí Dála le conraḋ a ṫug saoirse—laistiġ d'Impireaċt na Breataine—ar ṡé contaeṫe fiċead. Ṫarla cogaḋ cataṙta sa tír go ceann bliana.

# Éire Inniu




1.—Ḃí mór-ṫoġċán in Éirinn mí Lúnasa, 1923. Ḃí cuid ṁaiṫ de na teaċtaí ann ná raċaḋ isteaċ sa Dáil. Ṫoiġ an ċuid eile Liam T. Mac Oscair mar Ṫaoiseaċ i mbun an Rialtais.



2.—Ṫosnaiġ an Dáil nua so ar a ḃeiṫ ag feaḃsú cúrsaí eacnamaíoċa na tíre. Ḃunaíoḋ monarċa siúcra i gCeatarlaċ agus stáisiún leictreaċais in Ard na Croise. Is mó stáisiún atá bunaiṫe ó ṡin.




3.—Ḃuaiġ Fianna Fáil mór-ṫoġċán na bliana 1932. Ṫoġaḋ Éamonn de Valéra mar Ṫaoiseaċ. Cuireaḋ an mionn dílseaċta do Rí Ṡasana ar ceal. Diúltaíoḋ na hAnnáidí Talún d'íoc le Sasana.




4.—Ċuir san an Cogaḋ Geilleagraċ ar siúl. Ní ġlacfaḋ Sasana earraí ó Éirinn agus ċuir Rialtas na hÉireann cánaċa troma ar earraí ó Ṡasana. Ḃunaiġ na Gaeil cuid ṁaiṫ monarċana d'fonn a ḃeiṫ neaṁspleáċ.




5.—Sa mbliain 1932 tionólaḋ Comḋáil Coirp Ċríost in Áṫ Cliaṫ. Ṫáinic deoraiṫe Gael ina coṁair, ṫáinic daoine nárḃ iad, slóite acu. Ṫáinic cairdinéil, easpaiġ agus sagairt agus ṫug buíoċas a gcroí do Ḋia.




6.—Sa mbliain 1937, foilsíoḋ Bunreaċt na hÉireann. Deir sé gurab é "oileán na hÉireann go hiomlán ... agus a farraigí, na críoċa náisiúnta," agus gurab í an Ġaeilge príoṁ-teanga na tíre.



7.—Sa mbliain 1938 rinneaḋ réiteaċ i dtaoḃ an Cogaiḋ Ġeilleagraiġ. Ṫug Éire £10 milliúin uaiṫe in ionad £100 milliún a ḃí á éileaṁ. Ṫug Sasana na calafoirt, Cóḃ, Béarra agus Loċ Súiliġe tar nais.



8.—Rinneaḋ Taoiseaċ de Sean A. Ó Coisdealḃaiġ sa mbliain 1948. Rialtas eadarpáirtí a ḃí ann go ceann trí blian. Sa mbliain 1949, fógraíoḋ Éire ina Poblaċt. Sa mbliain 1951 deineaḋ Taoiseaċ de Éamonn de Valéra arís.



9.—Níl an ċríoċ náisiúnta iomlán saor, áfaċ. Tá sé contaeṫe i gCúige Ulaḋ á ċoimeád ag Sasana fós: Aontroim, Dún, Doire, Tír Eoġain, Ard Ṁaċa, Fir Manaċ. Romainn: Éire le saoraḋ, Éire le Gaelú.

# Éire Amáraċ



1.—Sean-náisiún sea Éire aċ is stát an-óg í. Le cúnaṁ Dé, réiteoimid gaċ aċrann fós. Beiḋ an tír lán de teaġlaiġ ḋatúla, feiceálaċa agus de ḋaoine breáṫa, ceannasaċa, tionscalaċa.



2.—In Éirinn uile againn beiḋ 4 milliúin acra faoi ḃarraí. Beiḋ cruiṫneaċt, coirce, eorna, prátaí, biatas agus barraí rútaí gan teora. Agus ainmiṫe—ba, capaill, buláin, caoire, muca agus éanlaiṫe ná beiḋ a sárú ann.



3.—Sna caṫraċa agus bailte ar fuaid na hÉireann beiḋ monarċana, beag agus mór díoḃ, ċun obair a ṫaḃairt dár n-oibreoirí agus ċun go ndéanfaí in Éirinn gaċ rud a ḃeiḋ ag teastáil uainn.



4.—Sa Ġaeltaċt beiḋ monarċana a ṫaḃarfaiḋ obair agus tuarastal fónta dár gcainteoirí dúċais. Beiḋ loingeasa de ṫrálaeirí iascaiġ ar an ḃfarraige ag fir an iarṫair faoi mar atá ag Spáinniġ agus Francaiġ anois.



5.—Baineann na niṫe sin go léir leis an gcorp agus leis an saol so. Aċ guiḋimid, freisin, mar do ġuiḋ Naoṁ Pádraig go ḃfanfaiḋ grá d'Íosa agus do Ṁuire inár measc go deo.



6.—Beiḋ deireaḋ leis an imirce. Beiḋ dóṫain oibre ag na Gaeil in Éirinn, ina dtír féin, ina mbeiḋ siad go sona sásta. Ní imeoiḋ uainn aċ misnéirí Dé, sagairt, mná rialta, bráiṫreaċa.



7.—Sna blianta roṁainn, beiḋ oiread san spiorad sna daoine agus bród náisiúnta orṫu go mbeiḋ an Ġaeilge le clos mar ġnáṫ-teanga ar gaċ taoḃ, sa ċaṫair, sa mbaile, faoin dtuaṫ, sa Dáil.



8.—Tiocfaiḋ cuairteoirí ar saoire go hÉirinn. Cloisfiḋ siad nó ċífiḋ siad rudaí nua ná fuil acu féin: ceol, aṁráin, rincí, cluiċí agus teanga na nGael; tír ḃreá agus daoine fearúla, cultúrṫa, críostaí.




9.—Agus beiḋ an "Teora" imiṫe. Beiḋ seilḃ na hÉireann uile i láṁa na nGael, brat Sasana glanta leis scun scan. Cáirdeas teas is ṫuaiḋ. Beiḋ Éire saor agus Gaelaċ.

1/-

Arna Clóbualaḋ Clólann **Juverna**, Áṫ Cliaṫ.